AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2025
COM(2025) 463 final

2025/0255 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear an clár um Cheartas don tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/693

{SEC(2025) 547 final} - {SWD(2025) 550 final} - {SWD(2025) 551 final}

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Foráiltear leis togra seo gurb é an 1 Eanáir 2028 an dáta cur i bhfeidhm agus tá sé á thíolacadh d'Aontas ina mbeidh 25 mBallstát. I gcás na hÉireann agus na Danmhairge, tá feidhm ag forálacha Phrótacal Uimh. 21 agus Phrótacal Uimh. 22 atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), mar a léirítear sa roinn maidir le geoiméadracht athraitheach ar leathanach 8.

- **Cúiseanna agus cuspóirí**

Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 3 CAE: '*Cuirfidh an tAontas limistéar saoirse, slándála agus ceartais ar fáil dá shaoránaigh*'. Tá dlúthnasc idir an ceartas agus luachanna an Aontais, mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE. Tugann na bunluachanna sin le tuiscint go bhfuil gá le breithiúna neamhspleácha a fheidhmíonn laistigh de chórais cheartais éifeachtúla agus ardcháilíochta atá in ann cearta agus saoirsí bunúsacha a ráthaítear le dlí an Aontais a chosaint, go háirithe trí rochtain ar cheartas a áirithiú do dhaoine atá faoi dhrochamhras, do dhaoine atá cúisithe, do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach (BGE) agus d'íospartaigh na coireachta. Eascraíonn an neamhspleáchas breithiúnach as na traidisiúin chomhchoiteanna bhunreachtúla atá i gcoiteann ag na Ballstáit uile, as an smacht reachta a luaitear in Airteagal 2 CAE, as oibleagáid na mBallstát leigheasanna a sholáthar atá leordhóthanach chun cosaint dlí éifeachtach a áirithiú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais faoi Airteagal 19 CAE, agus as an gceart bunúsach chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse, mar a chumhdaítear in Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Chomh maith le bheith i gcomhréir le luachanna an Aontais, tá gá le limistéar ceartais de chuid an Aontais a fheidhmíonn go maith ina bhfuil córais cheartais náisiúnta atá éifeachtach, éifeachtúil agus athléimneach chun go mbeidh margadh inmheánach faoi bhláth ann agus is réamhchoinníoll é sin freisin don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas.

Le blianta beaga anuas, tá roinnt ionstraimí curtha le chéile ag an Aontas chun limistéar ceartais de chuid an Aontais a thógáil bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach. Glacadh agus tacaíodh le roinnt tionscnamh reachtach agus beartais[1], a bhuí freisin le cistiú tiomnaithe ón Aontas.

Ó seoladh é in 2014, thacaigh an clár um Cheartas go gníomhach le limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chruthú, trí chomhar breithiúnach a chothú bunaithe ar aitheantas frithpháirteach agus forfheidhmiú cinntí breithiúnacha. Leis an gClár, cuireadh chun cinn freisin comhlíonadh na mBallstát leis an smacht reachta agus le cearta bunúsacha agus thacaigh sé le feidhmiú cuí na gcóras breithiúnach neamhspleách. Mar thoradh air sin, tá dul chun cinn nithiúil déanta ar fud an Aontais os rud é, mar shampla, go bhfuil na córais cheartais náisiúnta tar éis éirí níos éifeachtaí, agus go bhfuil cleachtóirí dlí níos eolaí anois agus níos ullmhaithe chun *acquis* ábhartha an Aontais a chur i bhfeidhm, e.g. maidir le nósanna imeachta agus sásraí comhair bhreithiúnaigh trasteorann a úsáid. An tráth céanna, tá

[1] Áirítear leo sin an Straitéis Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach, Straitéis an Aontais um chearta íospartach, Straitéis Eorpach r-Cheartais na Comhairle, Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh agus Straitéis an Choimisiúin ar dhigitiú an cheartais, atá ar na bacáin, a bhfuil sé d'aidhm aige an claochlú digiteach a chur chun cinn i measc na gcóras ceartais. Thairis sin, chun seasamh leis an smacht reachta a thuilleadh, bhunaigh an Coimisiún Eorpach sásra an smachta reachta, lena n-áirítear an tuarascáil bhliantúil ar an smacht reachta, ina ndéantar meastóireacht ar fhorbairtí maidir le neamhspleáchas breithiúnach, creataí frithéillithe agus rochtain ar cheartas sna Ballstáit. Le pacáiste frithéillithe an Choimisiúin, a glacadh in 2023, tugadh isteach bearta cuimsitheacha chun an t-éilliú a chomhrac, trédhearcacht a fheabhsú agus sláine bhreithiúnach a chosaint ar fud an Aontais. Tá straitéis slándála inmheánaí agus clár oibre frithsceimhlitheoireachta glactha ag an Aontas freisin.

feabhas fós ag teacht ar chosaint phraiticiúil agus ar chur chun cinn chearta leanaí agus grúpaí leochaileacha eile (amhail daoine faoi mhíchumas) a bhfuil baint acu le himeachtaí breithiúnacha.

Rinneadh dul chun cinn suntasach[2], ach is dúshlán leanúnach fós é limistéar ceartais an Aontais atá éifeachtach, éifeachtúil, inrochtana, athléimneach agus digitithe a bhaint amach, bunaithe ar an smacht reachta. Chuige sin, tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe leanúnach ón Aontas agus óna Bhallstáit. Sna Treoirlínte Polaitiúla don Choimisiún Eorpach 2024-2029, chuir an tUachtarán von der Leyen i dtábhacht gur cheart urraim don smacht reachta a bheith '*riachtanach do chistí an Aontais*' i gcónaí[3]. Leis sin, leagtar béim ar an ról ríthábhachtach atá ag cistiú an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha.

Go deimhin, in ainneoin thiomantas an Aontais, tá dúshlán leanúnach ag baint le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn[4]. Tá na cearta sin – amhail an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil, chomh maith le cosaint sceithirí agus a gceart chun tuairimí a nochtadh, coimircí nós imeachta gaolmhara do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine cúisithe chomh maith le daoine iarrtha in imeachtaí BGE, agus cearta íospartach – lárnach don cheartas agus don smacht reachta. Tá sé ríthábhachtach iad a chur chun feidhme go héifeachtach chun muinín a chothú sa chóras ceartais agus chun a áirithiú gur féidir le gach duine, lena n-áirítear na daoine is leochailí, a gcearta a fheidhmiú go héifeachtach san Aontas mar réimse ceartais. Mar sin féin, mar a léirítear i dtuarascáil bhliantúil 2021 maidir le cur i bhfeidhm na Cairte freisin, léiríonn cur i bhfeidhm ilroinnte dhlí an Aontais agus bearnaí sa chosaint dhlíthiúil[5] go bhfuil dúshláin leanúnacha ann sa réimse sin[6].

Ina theannta sin, tá an dul chun cinn maidir leis an digitiú ar fud an Aontais míchothrom. Tá fás agus iomaíochas an Aontais ag brath níos mó agus níos mó ar an digitiú, lena n-áirítear in earnáil an cheartais. Le huirlisí digiteacha agus leis an intleacht shaorga (IS), is féidir cabhrú le riaracháin phoiblí, lena n-áirítear cúirteanna, seirbhísí níos tapúla, níos inrochtana agus níos costéifeachtaí a sholáthar. An tráth céanna, tá buntáistí ag baint le húsáid seirbhísí iontaoibhe cáilithe, amhail ríomhshínithe agus ríomhshéalaí, toisc go bhfuil siad áisiúil agus toisc go soláthraíonn siad deimhneacht dhlíthiúil i gcomhthéacs idirbhearta trasteorann agus tá úsáid na seirbhísí sin ag éirí níos ábhartha do chórais cheartais thrédhearcacha iontaofa. Táthar ag súil freisin go n-éascófar an digitiú a thuilleadh agus go gcothófar muinín le leathadh amach chreat na Céannachta Digití Eorpaí atá ar na bacáin agus leis na Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa atá ar na bacáin. Le córais cheartais éifeachtúla thrédhearcacha, feabhsaítear deimhneacht dhlíthiúil, mealltar infheistíocht agus neartaítear comhar trasteorann in ábhair shibhialta agus choiriúla. Leis an digitiú, laghdaítear an t-ualach ar ghairmithe ceartais,

---

2 Mar shampla, le léargais ó Scórchlár Ceartais AE 2024 agus sonraí a bailíodh trí shuirbhéanna Eorabharaiméadair a rinneadh le déanaí, cuireadh i dtábhacht an dul chun cinn atá déanta maidir le hiarrachtaí na mBallstát córais cheartais náisiúnta éifeachtacha a sholáthar, ach tugtar le fios leis na léargais sin freisin go bhfuil gá leanúnach le feabhsú. I measc na bhfeabhsuithe féideartha tá: (i) an gá atá le hualach na dtáillí cúirte a laghdú; (ii) cúnamh dlíthiúil a bheith ar fáil; (iii) úsáid dheonach modhanna um réiteach malartach díospóidí (RMDanna) a chur chun cinn; (iv) tacaíocht do rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas mar ghairmithe sa chóras ceartais; agus (v) rochtain ar an gceartas trí mhodhanna leictreonacha a éascú, ós rud é go bhfuil glacadh an digitithe i gcórais cheartais náisiúnta ar fud Bhallstáit an Aontais fós míchothrom. Thairis sin, tá méadú leanúnach ag teacht ar choireanna trasteorann ó bhí 2020 ann, rud a thugann le fios go n-éireoidh comhar breithiúnach trasteorann níos tábhachtaí fós.

3 Treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin Eorpaigh 2024-2029.

4 Eorabharaiméadar Speisialta 487b. Chomh maith leis sin, Eorabharaiméadar Speisialta 552: thug díreach os cionn seisear as gach deichniúr freagróirí (62 %, 3 phointe céatadáin ó 2021) go raibh siad ar an eolas faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an ceathrú cuid de na freagróirí uile (25 %) a chuala fúithi agus a raibh a fhios acu cén rud í. Chuala thart ar ceathrar as gach deichniúr (37 %) de na freagróirí uile trácht ar an gCairt, ach ní raibh a fhios acu cad í i ndáiríre.

5 435ae4e8-f5f4-432b-a391-b05468474a1e_en (europa.eu).

6 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún:'Cearta bunúsacha a chosaint sa ré dhigiteach - Tuarascáil bhliantúil 2021 maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh'.

feabhsaítear rochtain ar chomhaid bhreithiúnacha agus cuirtear ar chumas saoránach agus gnólachtaí dul i dteagmháil go cianda leis na cúirteanna. Cuireann sé sin leis an trédhearcacht, laghdaíonn sé costais agus tacaíonn sé le táirgiúlacht eacnamaíoch. Thairis sin, bíonn córais cheartais dhigitigh níos athléimní le linn géarchéimeanna, rud a chinntíonn leanúnachas agus a threisíonn muinín an phobail.

Bíonn éiginnteachtaí agus dúshláin ann mar gheall ar an timpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, lena n-áirítear cogadh iomlán na Rúise i gcoinne na hÚcráine. I measc na ndúshlán a dhéanann difear, go sonrach, do réimse ceartais an Aontais, tá na bagairtí méadaitheacha ar an smacht reachta, cineálacha éagsúla coireachta tromchúisí agus bacainní ar rochtain ar an gceartas agus ar an gcomhar breithiúnach. Tá urraim don smacht reachta ina príomhchinntitheach de thimpeallacht ghnó intuartha a spreagann infheistíocht agus nuálaíocht, agus is breithniú ríthábhachtach í do chuideachtaí a oibríonn thar theorainneacha. Áirithítear le hurraim don smacht reachta feidhmiú cuí agus athléimneacht an mhargaidh inmheánaigh agus an chomhair i réimse an cheartais bunaithe ar mhuinín agus aitheantas frithpháirteach agus is réamhchoinníoll riachtanach é chun prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais ar bhuiséad an Aontais a chomhlíonadh. Is gá urraim a thabhairt don smacht reachta chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm go héifeachtach, go haonfhoirmeach agus go trédhearcach agus chun go mbeidh rochtain chomhionann ar an gceartas. Tá sé ríthábhachtach comhar a éascú i ndáil le cineálacha coireachta tromchúisí, amhail éilliú, sceimhlitheoireacht agus coireacht chomhshaoil chun an smacht reachta agus muinín astu siúd a rialaíonn institiúidí poiblí a choinneáil.

I measc na ndúshlán eile tá bacainní leanúnacha ar an gcomhar breithiúnach agus ar an rochtain ar cheartas. Is réamhriachtanas don fhás eacnamaíoch í rochtain éifeachtach ar an gceartas, lena n-áirítear trí mhodhanna digiteacha. Mura bhfuil rochtain éifeachtach ar an gceartas ann, déantar difear do shaoránaigh agus d'fhorbairt gnólachtaí araon, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Cuireann córais cheartais laga, a bhfuil neamhéifeachtúlacht nó costais arda i gceist leo, bac ar ghníomhaíochtaí gnó, rud a chuireann bac ar an bhfás eacnamaíoch[7]. Ceann de na príomhbhacainní is ea gur minic a bhíonn cumarsáid in imeachtaí breithiúnacha trasteorann fós páipéarbhunaithe, rud a fhágann go mbíonn moilleanna agus costais neamhriachtanacha ann. Ceann de na cúiseanna is ea na luasanna éagsúla a bhaineann le digitiú na gcóras ceartais náisiúnta agus an easpa idir-inoibritheachta leordhóthanaí idir córais TF náisiúnta na mBallstát, agus ar an gcaoi chéanna, idir córais náisiúnta agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) an Aontais. Mar aon leis sin, tá moilleanna agus neamhéifeachtúlachtaí i nósanna imeachta um chomhar breithiúnach trasteorann fós soiléir. Tá fadhbanna fós ag baint le rochtain ar cheartas, i gcomhthéacsanna trasteorann thar aon ní eile – i.e. cumas gach duine réiteach cóir ar fhadhbanna dlíthiúla a lorg agus a fháil trí réimse seirbhísí dlí agus ceartais, ar bhealach a chomhlíonann cearta bunúsacha, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis dhlíthiúil iontaofa agus leas éifeachtach a bhaint as coimircí nós imeachta. Déanann sé sin difear do dhaoine aonair, amhail íospartaigh agus daoine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe i gcoir, agus do ghnólachtaí. Thairis sin, ní leor fós na huirlisí atá ann cheana chun faisnéis chomparáideach a bhailiú faoi cháilíocht, neamhspleáchas agus éifeachtúlacht chórais cheartais na mBallstát. Is féidir leis na tosca sin go léir an bonn a bhaint de mhuinín na mBallstát as córais cheartais a chéile agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh siad bac a chur ar fheidhmiú cuí limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais.

---

7 Stakeholder_contribution_on_rule_of_law_-_oecd.pdf (europa.eu); 9789264303416-2-en.pdf (oecd-ilibrary.org).

Ar deireadh, is minic nach leor leibhéal an eolais, na scileanna agus na feasachta ar *acquis* an Aontais agus ar uirlisí digiteacha an Aontais i measc cleachtóirí i réimse an cheartais. D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta[8], tá difríocht mhór fós idir leibhéal na rannpháirtíochta san oiliúint idir na Ballstáit agus i measc gairmeacha ceartais. Tá tionchar diúltach ag an méid sin ar chultúr breithiúnach coiteann Eorpach a fhorbairt, ós rud é go bhfuil ról lárnach ag cleachtóirí dea-oilte chun a áirithiú go gcuirtear *acquis* an Aontais chun feidhme i gceart agus go comhsheasmhach ar fud an Aontais. Níl na scileanna digiteacha is gá ag gairmithe ceartais ach oiread agus níl siad in ann uirlisí digiteacha agus bonneagar digiteach a úsáid. Tá tábhacht ar leith ag baint le hoiliúint ar dhlí an Aontais freisin i bhfianaise na dtosca seo a leanas: (i) meath ar an smacht reachta agus ionsaithe ar chearta bunúsacha i roinnt Ballstát; (ii) an gá atá le cineálacha coireachta tromchúisí, lena n-áirítear éilliú, a chosc agus a chomhrac; (iii) tábhacht mhéadaitheach an digitithe; agus (iv) go bhfuil níos mó agus níos mó daoine aonair ag feidhmiú a gceart chun cónaí agus oibriú i mBallstát eile[9].

Beidh iarmhairtí tromchúiseacha ann mura dtabharfar aghaidh ar na dúshláin sin, ós rud é go bhfuil gnéithe trasnáisiúnta suntasacha ag baint leis an gcuid is mó de na saincheisteanna sin agus nach féidir leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar. Tá impleachtaí móra don saol polaitiúil, sóisialta agus eacnamaíoch san Aontas ag baint le limistéar ceartais éifeachtach de chuid an Aontais a thógáil. Tá buntáistí nithiúla ag baint leis freisin do shaol laethúil agus d'oibríochtaí gnó na ndaoine. Tacóidh an clár um Cheartas 2028-2034 le forbairt bhreise a dhéanamh ar limistéar ceartais de chuid an Aontais bunaithe ar luachanna an Aontais, ar an smacht reachta, ar aitheantas frithpháirteach agus ar mhuinín fhrithpháirteach, chomh maith le córais cheartais éifeachtacha, chuimsitheacha, inrochtana agus athléimneacha, rudaí atá ina réamhchoinníoll don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas. Leis an gClár nua, éascófar rochtain ar an gceartas freisin, cuirfear comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla chun cinn agus cuirfear oiliúint bhreithiúnach chun cinn agus béim níos láidre á leagan ar dhigitiú an cheartais. Tá na réimsí beartais a chumhdaítear leis an measúnú tionchair seo fréamhaithe go daingean i gConarthaí an Aontais, lena soláthraítear an bunús dlí le haghaidh ghníomhaíocht an Aontais trí idirghabháil airgeadais. Leanfaidh an clár um Cheartas de shochaí oscailte, daonlathach, iolraíoch agus níos cothroime agus níos cuimsithí a chothú faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile (2028-2034).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana**

Le blianta beaga anuas, thacaigh an clár um Cheartas le roinnt tionscnamh reachtach agus beartais agus chuidigh sé go díreach le roinnt tosaíochtaí de chuid an Choimisiúin[10] a bhaint amach. Tá na tosaíochtaí a liostaítear thíos ábhartha don chlár um Cheartas agus éireoidh siad níos ábhartha fós:

1. '*Ár ndaonlathas a chosaint, ár luachanna a chaomhnú*'. Tacóidh an clár um Cheartas leis an gcomhar breithiúnach agus leis an rochtain ar an gceartas tríd an smacht reachta agus cearta bunúsacha a threisiú mar bhunús daonlathach an Aontais. Leagtar béim níos mó ar an digitiú sa Chlár, rud a dhéanfaidh córais bhreithiúnacha níos éifeachtúla, trí rochtain níos

---

8 Mar a cuireadh i dtábhacht sna tuarascálacha bliantúla maidir le hoiliúint bhreithiúnach Eorpach a d'fhoilsigh Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Cheartas agus Tomhaltóirí, ó cuireadh chun feidhme an dá straitéis oiliúna breithiúnaí Eorpacha as a chéile (Teachtaireacht 2020 ón gCoimisiún dar teideal An ceartas san Aontas Eorpach a áirithiú – Straitéis Eorpach um oiliúint bhreithiúnach do 2021-2024, agus Teachtaireacht 2011 ón gCoimisiún dar teideal Muinín a chothú i gceartas uile-Aontais – gné nua san oiliúint bhreithiúnach Eorpach), ghlac os cionn 2 mhilliún gairmí ceartais de chuid an Aontais páirt in oiliúint bhreithiúnach ar dhlí an Aontais.

9 Teachtaireacht ón gCoimisiún, An ceartas a áirithiú san Aontas Eorpach – straitéis Eorpach um oiliúint bhreithiúnach don tréimhse 2021-2024. Le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020DC0713.

10 Treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin Eorpaigh 2024-2029.

tapúla ar chosaint dhlíthiúil a chumasú. Tagann an bhéim sin go díreach leis na hiarrachtaí chun an daonlathas agus cearta bunúsacha a chosaint, agus chun deimhneacht dhlíthiúil, cosaint infheistíochta, cothroime nós imeachta agus muinín an phobail as institiúidí daonlathacha a mhéadú. Tacóidh an clár um Cheartas 2028-2034 le neamhspleáchas na mbreithiúna agus méadóidh sé an acmhainneacht chun dlíthe a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear rialacha ábhartha chun an daonlathas a chosaint. Cumasófar leis comhar breithiúnach trasteorann chun coireanna digiteacha trasteorann a chomhrac agus chun tacú le cur chun feidhme uirlisí digiteacha atá i gcomhréir le beartais forfheidhmiúcháin dhigiteacha is leithne fós. amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha[11], an Gníomh um an Intleacht Shaorga[12] agus an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht[13]. Rannchuideoidh sé le cur i bhfeidhm na Cairte trí thacú le hoiliúint a chur ar ghairmithe dlí maidir le cearta bunúsacha. Chuige sin, cothófar sineirgí, go háirithe le clár AgoraEU[14].

2. *'Tacú le daoine, ár sochaithe agus ár múnla sóisialta a neartú'*. Rannchuideoidh an clár um Cheartas le cearta bunúsacha a chaomhnú, mar shampla trí oiliúint bhreithiúnach a chur chun cinn maidir le neamh-idirdhealú agus maidir le cur i bhfeidhm na Cairte agus trí naisc a chruthú le beartais chomhtháthaithe shóisialta trí thacú le cosaint dhlíthiúil chomhsheasmhach ar fud na mBallstát. Tacóidh an Clár freisin le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[15] trí in-fhorfheidhmitheacht a áirithiú trí shásraí ceartais níos inrochtana. Thairis sin, d'fhéadfadh córais cheartais dhigitithe, arna mbunú agus aird chuí á tabhairt ar leochaileachtaí slándála agus ar riachtanais na ndaoine uile dá ndéantar difear, feabhas a chur ar rochtain ar an gceartas, lena n-áirítear trí bhacainní a laghdú, go háirithe do leanaí agus do ghrúpaí leochaileacha eile amhail daoine faoi mhíchumas, do phobail Romacha agus pobail imeallaithe eile. Ar an gcaoi sin, cruthófar sineirge leis an gclár Erasmus+[16], agus leis na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha[17], lena n-áirítear creat Chiste Sóisialta na hEorpa[18] go háirithe. Trí fheabhas a chur ar inrochtaineacht agus inacmhainneacht (e.g. físchomhdháil, comhdú leictreonach), is féidir leis an gceartas digiteach páirtithe leasmhara a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr, freastal ar riachtanais go leor daoine aonair agus gnólachtaí, agus neamhionannais maidir le rochtain a fháil ar chearta agus ar sheirbhísí a laghdú, trí chothroime shóisialta agus idirghlúine a neartú agus trí phróisis dhlíthiúla a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos cuimsithí.

---

[11] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha), *IO L 277, 27.10.2022, lgh. 1-102, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj*.

[12] Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga), *IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj*.

[13] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí, *IO L 151, 7.6.2019, lgh. 70–115, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/882/oj*.

[14] Rialachán (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár 'AgoraEU' le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818, COM(2025) 550 final.

[15] https://employment-social-affairs.ec.europa.eu/policies-and-activities/european-pillar-social-rights-building-fairer-and-more-inclusive-european-union_ga.

[16] Rialachán (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár Erasmus+ don tréimhse 2028–2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888, COM(2025) 549 final.

[17] Togra le haghaidh Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil don tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, COM(2025) 565 final.

[18] Togra le haghaidh Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid den Phlean Comhpháirtíochtaí Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) […] [Plean CNR] agus lena mbunaítear coinníollacha maidir le cur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas d'fhostaíocht ardcháilíochta, scileanna agus cuimsiú sóisialta le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034, COM/2025/558 final.

3. ‘*Torthaí a bhaint amach le chéile agus ár nAontas a ullmhú don todhchaí*’. Rannchuideoidh an clár um Cheartas le hAontas níos comhtháite agus níos éifeachtaí, lena n-áirítear trí bhonneagar digiteach a chruthú agus a nascadh ar fud na mBallstát. Leis an mbéim níos mó a leagtar ar an digitiú, laghdófar an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit, beidh coigilteas ann do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, cuirfear feabhas ar an gcomhar trasteorann agus tacófar le haitheantas frithpháirteach agus forfheidhmiú breithiúnas. An tráth céanna, tacóidh an Clár leis an sprioc sásraí an Aontais a shimpliú trí thuilleadh idir-inoibritheachta a chur chun cinn i measc na gcóras ceartais náisiúnta. I ndáil leis an méid sin, cothófar sineirge leis na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha chun dul chun cinn a áirithiú maidir le digitiú na gcóras ceartais náisiúnta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

1. ‘*Plean nua chun go mbeidh rathúnas agus iomaíochas na hEorpa inbhuanaithe*’. Cuireann digitiú an cheartais leis an bhfás agus leis an iomaíochas trí chórais cheartais níos éifeachtúla a chruthú, ag a bhfuil nósanna imeachta dlíthiúla simplithe agus am agus costais laghdaithe i gceist leo le haghaidh dlíthíocht trasteorann ar fud an Aontais. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta. Ar an gcaoi sin, cothófar sineirge leis na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha i bpríomhréimsí amhail scileanna, fothú acmhainneachta agus digitiú. Comhlánóidh an Clár freisin an plean chun an Margadh Aonair a dhoimhniú (go háirithe in earnálacha na seirbhísí, na seirbhísí digiteacha agus na seirbhísí airgeadais) trí idir-inoibritheacht dhlíthiúil agus forfheidhmiú níos rianúla rialacha an Aontais a chur chun cinn. Trí ghníomhaíochtaí maidir le beartas tomhaltóirí agus infheisteoirí, dlí na gcuideachtaí agus dlí na gconarthaí agus frithsciúradh airgid a mhaoiniú, comhlánóidh clár an Mhargaidh Aonair agus an Chláir Custaim 2028-2034 an clár um Cheartas agus rannchuideoidh sé go díreach le cur chun feidhme bheartas an Aontais i réimse an cheartais agus le limistéar ceartais de chuid an Aontais a chruthú. Thairis sin, tríd an smacht reachta agus an deimhneacht dhlíthiúil a threisiú, neartóidh an clár um Cheartas an timpeallacht infheistíochta, neartóidh sé na gníomhaíochtaí atá mar bhonn taca faoin Aontas Coigiltis agus Infheistíochta[19] agus tacóidh sé leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas[20] trí chreat cobhsaí dlíthiúil a chruthú le haghaidh gníomhaíocht ghnó. Ar deireadh, beidh sineirge ann freisin i réimse an taighde agus na nuálaíochta, go háirithe maidir leis an ngá atá leis an tuiscint ar úsáid ardteicneolaíochtaí nua, amhail IS, in earnáil an cheartais a dhoimhniú agus, dá bhrí sin, cothófar sineirgí leis an gcéad Chlár Réime eile um Thaighde agus um Nuálaíocht (Fís Eorpach)[21].

2. ‘*Ré nua do Chosaint agus Slándáil na hEorpa*’: Éascaíonn an clár um Cheartas comhar breithiúnach trasteorann, rud atá ríthábhachtach don tslándáil agus chun an choireacht eagraithe, an sceimhlitheoireacht agus cibearbhagairtí a chomhrac. Tacaíonn an Clár freisin le forfheidhmiú an Bharántais Gabhála Eorpaigh (BGE) agus cuireann sé bonneagar digiteach ar fáil le haghaidh rochtain dhleathach ar fhianaise leictreonach agus bainistiú cásanna thar theorainneacha. Chomh maith leis sin, tacaíonn an clár um Cheartas le bearta frithéillithe ar leibhéal an Aontais. Comhlánaíonn an méid sin an glao ar mhachnamh a dhéanamh ar

19 https://finance.ec.europa.eu/regulation-and-supervision/savings-and-investments-union_ga.

20 Togra le haghaidh Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas a bhunú, lena n-áirítear an clár sonrach le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta cosanta, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/522, (AE) 2021/694, (AE) 2021/697, (AE) 2021/783, lena n-aisghairtear forálacha Rialacháin (AE) 2021/696, (AE) 2023/588, agus lena leasaítear Rialachán (AE) [EDIP], COM/2025/555 final.

21 Togra le haghaidh Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, don tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695, COM/2025/543 final.

inniúlacht Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a leathnú chun coireanna tromchúiseacha trasteorann a láimhseáil, go háirithe éilliú, a mbíonn tionchar acu ar chistí an Aontais agus nach féidir leis na Ballstáit iad a láimhseáil ina n-aonar. Ina theannta sin, áirítear sna treoirlínte polaitiúla don Choimisiún Eorpach 2024-2029[22] an uaillmhian acmhainneacht Europol a neartú chun tacú le gníomhaireachtaí náisiúnta forfheidhmithe dlí agus lena chomhar le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais. Tá an uaillmhian sin ag teacht go dlúth leis an mbéim mhór a chuirtear ar dhigitiú sa Chlár, rud a chumasaíonn tarchur níos tapúla fianaise, comhordú fíor-ama agus úsáid fheabhsaithe IS/anailísíocht sonraí slán i bhforfheidhmiú dlíthiúil laistigh de theorainneacha na gcreataí dlíthiúla is infheidhme. Tá sé ag teacht freisin le bunú an Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta, a chuideoidh le cosc a chur ar úsáid a bhaint as córas airgeadais an Aontais le haghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta. Ar an gcaoi chéanna, cuideoidh an t-athchóiriú ar Eurojust leis an gcomhordú ar imscrúduithe agus ionchúisimh trasteorann ar leibhéal an Aontais a dhéanamh níos éifeachtaí, lena n-áirítear a bhuí le huirlisí digiteacha nua. Ina theannta sin, le digitiú an cheartais, soláthrófar athléimneacht theicniúil, bonneagar slán do chórais dlí, agus creataí chun an chibearchoireacht a ionchúiseamh, agus ar an gcaoi sin comhlánófar straitéisí an Aontais Ullmhachta[23] agus cibearchosanta[24] chomh maith le 'ProtectEU – straitéis slándála inmheánaí na hEorpa'[25]. I bhfianaise na nasc intreach atá ann idir an tslándáil agus an ceartas, beidh sineirge ann le cistí an Aontais lena gcumhdaítear tearmann, imirce agus lánpháirtiú, bainistiú teorainneacha agus slándáil inmheánach, mar shampla chun oiliúint leordhóthanach a chur ar fáil do na breithiúna, agus freisin i ndáil leis na rialacha nua a tugadh isteach leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, agus cosaint éifeachtach a áirithiú d'íospartaigh na coireachta, idir-inoibritheacht leis an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) agus comhar idirghníomhaireachta i réimsí an cheartais agus na slándála inmheánaí, lena n-áirítear trí ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí a bhaineann leis an gceartas amhail Eurojust agus OIPE.

3. '*An Eoraip Dhomhanda: Ár gcumhacht agus ár gcomhpháirtíochtaí a ghiaráil*': Beidh béim an Chláir ar an smacht reachta, ar chomhar breithiúnach agus ar rochtain ar cheartas ar aon dul leis an gcaoi a gcuirtear chun cinn iad ar an leibhéal domhanda, lena n-áirítear trí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe[26] a chur chun feidhme. I ndáil leis sin, forbrófar sineirge leis an Eoraip Dhomhanda[27], ós rud é go rannchuideoidh an clár um Cheartas le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais trí chórais bhreithiúnacha i dtíortha aontachais a neartú i gcomhthéacs phróiseas an mhéadaithe.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 81(1) agus (2) agus Airteagal 82(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Foráiltear le hAirteagal 81(1) CFAE go bhforbróidh an tAontas comhar breithiúnach in ábhair shibhialta a bhfuil impleachtaí trasteorann aige.

---

22 Treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin Eorpaigh 2024-2029.
23 https://commission.europa.eu/topics/preparedness_ga.
24 https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/cybersecurity-strategy.
25 https://home-affairs.ec.europa.eu/news/commission-presents-protecteu-internal-security-strategy-2025-04-01_ga.
26 https://sdgs.un.org/goals.
27 Togra le haghaidh Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Eoraip Dhomhanda, COM/2025/551 final.

Foráiltear le hAirteagal 81(2) CFAE maidir le bearta a ghlacadh atá dírithe ar aitheantas frithpháirteach agus forfheidhmiú breithiúnas a áirithiú; doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil trasna teorainneacha; rochtain éifeachtach ar an gceartas agus tacaíocht d'oiliúint na mbreithiúna agus na foirne breithiúnaí. Foráiltear le hAirteagal 82(1) CFAE maidir le bearta chun comhar breithiúnach a chur chun cinn in ábhair choiriúla.

Ceadaítear leis an teaglaim de na hAirteagail seo do chur chuige cuimsitheach maidir le tacú le forbairt an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla, go háirithe maidir le saincheisteanna trasghearrtha a dhéanann difear don dá limistéar ceartais.

- **Geoiméadracht athraitheach**

Tá an Rialachán seo bunaithe ar bhunúis dlí faoi Theideal V de Chuid a Trí CFAE, maidir leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais. Mar thoradh air sin, tá cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an Danmhairg agus Éire faoi réir na bhforálacha a leagtar síos i bPrótacal Uimh. 21 agus i bPrótacal Uimh. 22 atá i gceangal le CAE agus le CFAE.

I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh beart arna moladh de bhun Theideal V de Chuid a Trí de CFAE ag an gComhairle, agus níl bearta den sórt sin ina gceangal ar an Danmhairg ná infheidhme inti.

I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21, níl Éire rannpháirteach i nglacadh beart arna moladh de bhun Theideal V de Chuid a Trí de CFAE ag an gComhairle, agus níl bearta den sórt sin ina gceangal ar Éirinn ná infheidhme inti. Féadfaidh Éire a chinneadh a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm aon bhirt bheartaithe den sórt sin, áfach. Ina theannta sin, tráth ar bith tar éis beart den sórt sin a ghlacadh, féadfaidh Éire glacadh leis an mbeart, faoi réir chur i gcrích na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 21.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá gné láidir thrasnáisiúnta ag baint leis na cuspóirí a leagtar amach faoin roinn 'cúiseanna agus cuspóirí' agus tá gá le réitigh chomhpháirteacha, chomh maith le rialachas, comhordú agus tacaíocht ar leibhéal an Aontais. Ní bheadh gníomhaíochtaí náisiúnta ar leith chomh héifeachtach agus a bheadh iarrachtaí comhordaithe ar leibhéal an Aontais, lena gcothaítear comhar, fothú acmhainneachta, foghlaim fhrithpháirteach, agus comhroinnt acmhainní, saineolais agus dea-chleachtais.

Gan gníomhaíocht agus cistiú ón Aontas, bheadh feidhmiú limistéar ceartais de chuid an Aontais i mbaol, rud a dhéanfadh difear diúltach do go leor tairbhithe, go háirithe comhaltaí de na breithiúna, eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair ar rochtain ar an gceartas, agus líonraí dlí ar fud an Aontais. Cuidíonn tacaíocht ón Aontas le bacainní náisiúnta a shárú, rud a chuireann ar chumas na mBallstát uile gníomhú ar shaincheisteanna nach bhféadfadh siad aghaidh a thabhairt orthu ina n-aonar. Áirithítear leis sin nach bhfágfar aon Bhallstát ar lár chun dul i ngleic le fadhbanna trasteorann.

Tá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ríthábhachtach freisin chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí uile-Aontais nach bhféadfaí a rangú go hard ar chláir oibre náisiúnta nó i gcás ina bhfuil gá le tacaíocht spriocdhírithe. I réimsí áirithe, d'fhéadfadh iarrachtaí náisiúnta amháin a bheith neamhleor, gearrthéarmach nó mí-ailínithe le tosaíochtaí an Aontais. Mar shampla, ba cheart don Aontas leanúint de thacaíocht a chur ar fáil d'oiliúint trasteorann maidir le dlí an Aontais agus do mhalartuithe do ghairmithe breithiúnacha. Ní hamháin gur oibleagáid atá bunaithe ar na Conarthaí é sin, ach tá sé ríthábhachtach freisin chun aghaidh a thabhairt ar

dhúshláin thrasnáisiúnta chomhroinnte, chun na scileanna cearta a thabhairt do ghairmithe ceartais agus chun croíluachanna an Aontais a threisiú.

Tá an tAontas in ann deiseanna trasteorann a chruthú do ghairmithe ceartais chun nascadh le cultúr dlíthiúil comhroinnte, agus chun an cultúr sin a fhorbairt agus rannchuidiú leis. Ba cheart dó, dá bhrí sin, leanúint de chomhar trasnáisiúnta, ardú feasachta agus líonrú a chur chun cinn. Le gníomhaíochtaí den sórt sin, cothaítear muinín fhrithpháirteach i measc na gcóras ceartais náisiúnta agus cuidítear le sonraí comparáideacha a bhailiú maidir lena gcáilíocht, lena neamhspleáchas agus lena n-éifeachtúlacht – rud nach féidir leis na Ballstáit a bhaint amach ina n-aonar.

Tá gníomhaíocht an Aontais chomh ríthábhachtach céanna i réimsí ina bhfuil gá le dlúthchomhar leis na Ballstáit chun seasamh le caighdeáin cheartais idirnáisiúnta, amhail spriocanna forbartha inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe, agus chun seasamh aontaithe ón Aontas a choinneáil maidir le príomh-shaincheisteanna amhail cearta bunúsacha sa réimse digiteach agus cosaint sonraí.

Ar deireadh, tá gníomhaíocht an Aontais ríthábhachtach chun athchóirithe ceartais a chur chun cinn i dtíortha is iarrthóirí mar chuid de phróiseas an mhéadaithe, go háirithe i réimsí an smachta reachta, neamhspleáchas na mbreithiúna agus an fhrithéillithe. Tá na hiarrachtaí sin ríthábhachtach chun caighdeáin cheartais an Aontais a chosaint, chun an Margadh Aonair a thabhairt chun críche agus chun comhtháthú agus rathúnas an Aontais a neartú.

Chomh maith leis an ngá atá le gníomhaíocht ón Aontas sa réimse sin, tá breisluach láidir ag cistí an Aontais freisin toisc gurb é an tAontas is fearr atá in ann a áirithiú gur féidir le córais cheartais ar fud an Aontais oibriú ar bhealach comhchuibhithe. Tá breisluach bunúsach ag baint le hidirghabháil an Aontais d’oiliúint bhreithiúnach an Aontais ós rud é go mbeadh tuiscint agus cur chun feidhme níos neamh-chomhsheasmhaí ar dhlí an Aontais ar fud na mBallstát mar thoradh ar an bhfreagracht sin a tharmligean ar an leibhéal náisiúnta. Beidh éifeachtaí diúltacha aige sin ar chumas foriomlán na ngníomhaithe náisiúnta beartais agus dlíthe an Aontais a chur chun feidhme, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna trasteorann agus ar fhorbairt tionscadal ilnáisiúnta trasnáisiúnta. Thairis sin, cuidíonn gníomhaíochtaí an Aontais maidir le beartais cheartais le borradh a chur faoin Margadh Aonair agus cuireann siad feabhas ar an iomaíochas. Le creat ceartais cuimsitheach comhchuibhithe ar fud na mBallstát, laghdaítear éiginnteachtaí dlíthiúla agus neamhréireanna, rud a éascaíonn oibríochtaí agus infheistíochtaí gnó trasteorann níos rianúla. Tá forfheidhmiú intuartha rialachán, cosaint chomhsheasmhach ar chearta maoine intleachtúla, agus sásraí éifeachtacha um réiteach díospóidí ríthábhachtach chun muinín infheisteoirí a chothabháil agus chun fiontraíocht agus nuálaíocht a spreagadh. Trí chaighdeáin dhlíthiúla shoiléire a chur ar fáil agus trí chur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gcaighdeán sin a áirithiú, cuidíonn an tAontas le cuideachtaí oibriú go héifeachtúil, costais idirbheart a laghdú agus tarraingteacht fhoriomlán an Mhargaidh Aonair a fheabhsú. Cuireann an intuarthacht dhlíthiúil sin leis an iomaíocht chóir trína chinntiú go mbíonn dálaí comhionanna roimh ghnólachtaí beag beann ar a dtír thionscnaimh laistigh den Aontas, rud a chothaíonn cobhsaíocht eacnamaíoch agus fás inbhuanaithe.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra thar an íosmhéid is gá chun an cuspóir sonraithe a bhaint amach ar leibhéal an Aontais.

- **An rogha ionstraime**

Cuireann an clár nua um Cheartas 2028-2034 go príomha leis an gclár um Cheartas 2021-2027. Is rialachán í an ionstraim is iomchuí chun an creat atá beartaithe a oibríochtú.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ SIARGHABHÁLACHA, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí siarghabhálacha/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Cuirtear i dtábhacht sa mheastóireacht mheántéarma ar an gclár um Cheartas 2021-2027 go bhfuil na gníomhaíochtaí a chistítear leis an gClár ag teacht leis na beartais agus leis na tosaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, go bhfuil siad ailínithe le hionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais agus go bhfuil siad comhsheasmhach le gealltanais agus cuspóirí idirnáisiúnta, amhail na spriocanna forbartha inbhuanaithe[28]. Le struchtúr cuíchóirithe Chlár 2021-2027, féadfar tionchar níos mó agus cur chuige níos dírithe a bhaint amach i bpríomhréimsí i gcomparáid le Clár 2014-2020 a bhí ann roimhe seo. Go sonrach, tá an clár um Cheartas 2021-2027 ag rannchuidiú go rathúil le tacú le haitheantas frithpháirteach agus forfheidhmiú cinntí breithiúnacha ar fud na mBallstát agus le comhar trasteorann a fheabhsú, trí thionchar fadtéarmach a chruthú trí limistéar ceartais comhtháite de chuid an Aontais a fhorbairt a thuilleadh, ar limistéar é a bheidh bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach agus ar chomhar frithpháirteach.

Mar thoradh ar chistiú díreach do thairbhithe, bhí tairbhí láithreacha follasacha ann do na spriocghrúpaí lena mbaineann. Go háirithe, éascaíonn cistiú do líonraí an Aontais amhail an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach comhar marthanach, fothú acmhainneachta, agus rannpháirtíocht leanúnach ardcháilíochta i measc gairmithe dlí ar fud an Aontais. Thairis sin, leagtar béim leanúnach ar oiliúint bhreithiúnach sa Chlár, rud a chuireann go mór le tírdhreach dlíthiúil an Aontais a aontú agus a fhorbairt. Tá ról ríthábhachtach ag an gclár um Cheartas maidir le cultúr dlíthiúil comhroinnte a chothú trí oiliúint a chur ar na mílte breithiúna, dlíodóirí agus foireann chúirte agus trí thacú le cur chun feidhme straitéis 2021-2024 maidir le hoiliúint bhreithiúnach Eorpach[29]. Trí mhalartuithe dea-chleachtais a éascú, neartaíonn an Clár comhar na mBallstát, agus leis sin áirithítear go gcuireann cleachtóirí breithiúnacha dlí an Aontais i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach, comhleanúnach agus comhsheasmhach thar theorainneacha, rud a fheabhsaíonn sláine reachtaíocht an Aontais.

Cuireann Clár 2021-2027 leis an dul chun cinn a baineadh amach sa tréimhse roimhe seo (2014-2020), trí bhacainní ar cheartas a laghdú a thuilleadh agus trí fheabhas a chur ar chreataí agus ar chosaintí do dhaoine imeallaithe[30]. An tráth céanna, léiríonn an mheastóireacht mheántéarma a rinneadh air go bhfuil roinnt réimsí ann a bhféadfaí feabhas a chur orthu. Ar an gcéad dul síos, léiríonn an fhianaise a bailíodh trí chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara gur gá raon feidhme an Chláir a leathnú. Fiú má tá líon mór daoine ar an eolas faoi cheana féin, tá feasacht ar an gClár fós teoranta i measc cineálacha áirithe páirtithe leasmhara[31] agus tá éagsúlachtaí ann freisin idir na Ballstáit. Tugann sé sin le fios, cé go bhfuil gníomhaíochtaí cumarsáide an Chláir éifeachtach, go bhféadfadh sé nach bhfuil gach earnáil agus gach Ballstát á mbaint amach acu go cothrom[32]. Thairis sin, mhol roinnt páirtithe

---

28 Meastóireacht mheántéarma ar an gclár um Cheartas 2021-2027, COM(2025)267 agus SWD(2025)134.

29 Mar shampla, in 2022, ghlac 24 208 gairmí ceartais páirt in oiliúint a fuair tacaíocht ón gclár um Cheartas (thart ar 35,3 % díobh siúd a fuair oiliúint chistithe nó chomhchistithe ón Aontas maidir le dlí an Aontais an bhliain sin). Féach ráiteas feidhmíochta an chláir um Cheartas.

30 Meastóireacht mheántéarma ar an gclár um Cheartas 2021-2027, COM(2025)267 agus SWD(2025)134.

31 Thuairiscigh páirtithe leasmhara san ardoideachas agus údaráis phoiblí feasacht níos mó ar an gclár ná mar a thuairiscigh eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

32 Meastóireacht mheántéarma ar an gclár um Cheartas 2021-2027, COM(2025)267 agus SWD(2025)134.

leasmhara go n-áireofaí seirbhísí ceartúcháin agus foireann príosúin i spriocghrúpaí an Chláir. Chun tionchar an Chláir a léiriú ar bhealach níos fearr agus chun breisluach agus infheictheacht an Chláir a fheabhsú, d'fhéadfaí tuilleadh gníomhaíochtaí a mheas, e.g. próiseas níos córasaithe chun braistintí agus taithí na bpáirtithe leasmhara a bhailiú, agus bealaí chun na hardáin atá ann cheana (amhail GEOB agus an tairseach r-Cheartais) a nascadh le tionscadail rathúla ar thairseach 'Cistiú agus Tairiscintí' an Aontais. Ina theannta sin, chun leanúint de bheith ag cur le cost-éifeachtúlacht an Chláir, d'fhéadfaí tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh maidir le comhoibriú le líonraí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais.

Cuirtear na torthaí sin go léir san áireamh sa chlár um Cheartas 2028-2034 a chuirtear i láthair sa togra seo.

Maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua, tá digitiú an cheartais ina chuspóir trasearnálach suntasach den chlár um Cheartas 2021-2027, go háirithe tar éis phaindéim COVID-19, rud a chuir dlús le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha. Leis an bhfócas sin, éascaítear rochtain níos éasca ar fhaisnéis dhlíthiúil, nuachóirítear sásraí comhair bhreithiúnaigh trasteorann agus tacaítear le spriocanna níos leithne an Aontais maidir leis an gclaochlú digiteach, rud a fhágann go mbeidh córais cheartais níos éifeachtúla agus níos inrochtana ann. Leis an infheistíocht sa dhigitiú, neartaítear cearta bunúsacha laistigh de réimse an cheartais freisin, amhail toimhde na neamhchiontachta[33]. Thairis sin, le húsáid mhéadaithe uirlisí digiteacha, leathnaítear raon feidhme an Chláir go héifeachtúil. Tá deis ann fós leas breise a bhaint as na deiseanna a eascraíonn as an digitiú i réimse an cheartais. Sin é an fáth a mbeidh béim níos mó ar an digitiú sa chlár um Cheartas 2028-2034 faoina chuspóirí ginearálta agus sonracha. Áiritheofar leis sin cur chuige níos straitéisí agus níos comhsheasmhaí maidir leis na saincheisteanna agus na dúshláin uile a bhaineann le digitiú an cheartais.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bhí na nithe seo a leanas i gceist leis an straitéis chomhchomhairle chun tacú leis an ullmhúchán don Chlár: (i) an chéad chomhairliúchán poiblí oscailte don mheastóireacht deiridh ar chlár um Cheartas 2014-2020 agus don mheastóireacht mheántéarma ar chlár um Cheartas 2021-2027; (ii) an dara comhairliúchán poiblí oscailte i réimsí an oideachais trasteorann, na hóige, an chultúir, na meán, na luachanna agus na sochaí sibhialta; agus (iii) comhairliúcháin *ad hoc* a d'eagraigh an Coimisiún i bhfoirm agallamh agus suirbhéanna spriocdhírithe le páirtithe leasmhara.

Bhí sé d'aidhm ag an gcéad chomhairliúchán poiblí oscailte an bonn fianaise a neartú chun meastóireacht a dhéanamh ar an dá chlár um Cheartas trí thuairimí na bpáirtithe leasmhara ábhartha a bhailiú maidir le héifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE na gClár. Seoladh é an 3 Aibreán 2024 agus bhí sé ar oscailt ar feadh 12 sheachtain (dúnadh é ar an 26 Meitheamh 2024).

Ar an iomlán, mheas freagróirí ar an gcomhairliúchán poiblí oscailte sin go raibh cuspóirí ginearálta agus sonracha na gclár um Cheartas an-ábhartha. I measc na gcuspóirí sonracha, measadh gurbh iad oiliúint bhreithiúnach agus rochtain ar cheartas na cinn ba ábhartha. Thairis sin, mheas formhór na bhfreagróirí go raibh na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag na cláir um Cheartas ábhartha, go háirithe na gníomhaíochtaí sin a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a fhorbairt agus a chothabháil[34], agus meastar gur gné thábhachtach den Chlár é an digitiú. Mheas freagróirí go raibh an dá chlár éifeachtach maidir lena gcuspóirí

[33] Ibidem.

[34] Mheas 62 % de na freagróirí go raibh seo an-ábhartha.

agus a dtorthaí beartaithe a bhaint amach, go sonrach maidir leis an méid seo a leanas: (i) feabhas a chur ar an rochtain atá ag gach saoránach ar sheirbhísí eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ar ghníomhaíochtaí comhairleoireachta agus ar ghníomhaíochtaí tacaíochta (a mheas 62 % de na freagróirí a bheith bainte amach den chuid is mó mar a baineadh amach iad); (ii) tacú le gníomhaíochtaí oiliúna do pháirtithe leasmhara (a mheas 50 % de na freagróirí a bheith an-ard nó ard); agus (iii) idir-inoibritheacht trasteorann na gcóras a mhéadú (arna measúnú ag 50 % de na freagróirí go pointe áirithe mar a baineadh amach). I ndáil leis sin, leag na freagróirí béim ar fhorbairt E-CODEX agus ECRIS, chomh maith le hoiliúint in úsáid uirlisí TF, mar oiliúint atá ábhartha agus éifeachtach go háirithe. Ó thaobh comhleanúnachais de, ní raibh formhór na bhfreagróirí in ann an clár um Cheartas a chur i gcomparáid le cláir eile (níor thug ach triúr as ochtar freagróirí le fios go raibh siad eolach ar thionscnaimh chomhchosúla eile de chuid an Aontais agus/nó ar thionscnaimh náisiúnta eile i réimse an cheartais). Mheas beirt fhreagróirí go raibh na cláir um Cheartas comhlántach den chuid is mó le cláir nó tionscnaimh eile de chuid an Aontais, agus duine amháin go pointe teoranta. Bhí na freagróirí ar aon intinn maidir le breisluach AE an dá chlár, agus mheas na freagróirí go léir gurbh é an tAontas is fearr a bhí in ann an cineál gníomhaíochtaí a mhaoiniú faoin gclár um Cheartas, toisc gur áirithíodh le rannpháirtíocht an Aontais gur chloígh na Ballstáit uile leis na caighdeáin chéanna, rud a d'fhág go raibh rochtain níos cothroime ar cheartas ann. Mar thoradh air sin, mheas formhór na bhfreagróirí, dá gcuirfí deireadh leis an gclár um Cheartas 2021-2027, nach mbeadh na Ballstáit in ann torthaí comhchosúla a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil agus go mbeadh comhar teicniúil teoranta do thionscadail dhéthaobhacha ar scála níos lú idir Ballstáit chomharsanachta, cé nach mbeadh roinnt eagraíochtaí in ann cistiú a fháil ar chor ar bith. Tá achoimre ar an gcomhairliúchán poiblí oscailte ar fáil tríd an suíomh gréasáin de chuid an Choimisiúin Eorpaigh 'Cloisimis uait!'[35].

Bhí an dara comhairliúchán poiblí mar bhonn eolais don mheasúnú tionchair le haghaidh chláir an Aontais i réimsí an oideachais trasteorann, na hóige, an chultúir, na meán, luachanna agus na sochaí sibhialta faoi CAI 2028-2034, agus rinneadh é idir an 12 Feabhra agus an 7 Bealtaine 2025[36]. Ba iad seo a leanas na cláir de chuid an Aontais a cumhdaíodh leis an gcomhairliúchán poiblí oscailte sin: Eoraip na Cruthaitheachta, Erasmus+, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus an Clár um Cheartas. Bhí sé d'aidhm ag an gcomhairliúchán poiblí oscailte sin cuidiú le measúnú a dhéanamh ar dhearcadh an phobail maidir le hábharthacht agus breisluach AE chláir an Aontais agus bacainní ar a dtionchar sonrach agus feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar ailtireacht na gClár a shainaithint. Fuarthas freagra ar an gcomhairliúchán poiblí 4 861 ó 110 dtír, lenar cuimsíodh Ballstáit uile an Aontais chomh maith le tíortha nach bhfuil san Aontas[37]. Tháinig formhór na bhfreagraí sin ó fhreagróirí a raibh taithí acu ar Erasmus + agus ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach; níor thug ach 60 freagróir le fios go raibh taithí acu ar an gClár um Cheartas. Chuir saoránaigh an Aontais 51 % de na freagraí isteach. Laistigh den ghrúpa sin, bhí thart ar 1 200 freagróir faoi bhun 30 bliain d'aois. Chuir eagraíochtaí agus institiúidí an Aontais 49 % de na freagraí isteach. Áiríodh orthu sin 17 % de na freagraí ó chomhlachtaí acadúla agus taighde, ar institiúidí móra a bhformhór, a raibh níos mó ná 250 duine fostaithe ag 69 % díobh. Tháinig 11 % eile d'aighneachtaí ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, ar scáthlíonraí eagraíochta sochaí sibhialta cuid acu. Tháinig 232

35 An clár um Cheartas - meastóireacht chríochnaitheach ar chlár 2014-2020 agus meastóireacht eatramhach ar chlár 2021-2027.

36 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/14523-EUs-next-long-term-budget-MFF-EU-funding-for-cross-border-education-training-and-solidarity-young-people-media-culture-and-creative-sectors-values-and-civil-society_ga.

37 Ba í an Ghearmáin an tír chónaithe a raibh an líon is mó ranníocaíochtaí inti ar an iomlán, agus an Fhrainc agus an Iodáil ina dhiaidh sin.

aighneacht ó údaráis phoiblí, lena n-áirítear meascán d'eintitis idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Tháinig 208 bhfreagra eile ó chuideachtaí agus ó ghnólachtaí. Fuarthas líon beag freagraí breise (thart ar 45) ó cheardchumainn, ó chomhlachais ghnó, ó ghrúpaí tomhaltóirí agus ó eagraíochtaí comhshaoil.

Tá cur síos anseo thíos ar chuid de na príomhthorthaí a bhfuil tábhacht ag baint leo do réimse an cheartais:

– Dar leis na freagróirí, is tosaíocht bheartais thábhachtach (22,51 %) agus an-tábhachtach (58,71 %) é '*an smacht reachta a choinneáil agus a chur chun cinn*' agus is réimse é ina soláthraítear breisluach den chuid is mó le cistiú ón Aontas i gcomparáid le cistiú ar an leibhéal náisiúnta, áitiúil nó réigiúnach (50,44 %);

– Dar leis na freagróirí, is tosaíocht bheartais thábhachtach (25,78 %) agus an-tábhachtach (55,09 %) é '*cistí an Aontais a chosaint ón gcalaois, ón éilliú agus ó ghníomhaíochtaí mídhleathacha eile*' agus is réimse é ina soláthraítear breisluach den chuid is mó le cistiú ón Aontas i gcomparáid le cistiú ar an leibhéal náisiúnta, áitiúil nó réigiúnach (54,68 %);

– Dar leis na freagróirí, is tosaíocht bheartais thábhachtach (29,77 %) agus an-tábhachtach (37,03 %) é '*limistéar ceartais AE a chruthú, oiliúint bhreithiúnach comhar breithiúnach agus rochtain ar an gceartas a chur chun cinn*' agus is réimse é ina soláthraítear breisluach den chuid is mó le cistiú ón Aontas i gcomparáid le cistiú ar an leibhéal náisiúnta, áitiúil nó réigiúnach (47,85 %);

– An tráth céanna, mheas na freagróirí go mbíonn tionchar dearfach den chuid is mó ag na gníomhaíochtaí seo a leanas, atá ábhartha go háirithe faoin gclár um Cheartas, amach anseo: '*Tacú le foghlaim fhrithpháirteach trasteorann, malartú dea-chleachtas agus comhar, forbairt comhghuaillíochta*' (72,19 %), '*Tacú le líonraí agus eagraíochtaí ar leibhéal an Aontais a chruthú agus a fhorbairt*' (60,48 %), '*Tógáil acmhainneachta agus oiliúint/gníomhaíochtaí oiliúna don oiliúnóir*' (56,10 %), '*Féidearthachtaí foghlama frithpháirtí trasteorann i réimse an cheartais*' (49,08 %).

- **Saineolas seachtrach**

Tá tuarascálacha agus measúnuithe seachtracha agus inmheánacha bunaithe ar an togra, e.g. meastóireachtaí cláir (meántéarmach agus *ex post*), an cleachtadh athbhreithnithe ar chaiteachas, tuarascálacha agus doiciméid ó institiúidí, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile de chuid an Aontais.[38]

- **Measúnú tionchair**

Sa mheasúnú tionchair ar oideachas trasteorann, an óige, cultúr, na meáin, luachanna agus an tsochaí shibhialta, rinneadh anailís ar a bhfuil i ndán do chúig chlár cistiúcháin sa bhraisle seo, lena n-áirítear an clár um Cheartas.

Cuireadh an dá rogha seo a leanas as an áireamh ag céim luath:

– **Deireadh a chur le cistiú an Aontais**: cuireadh an rogha seo as an áireamh láithreach i bhfianaise a thábhachtaí atá na fadhbanna a dhéanann difear do na réimsí beartais sa chnuasach seo, i bhfianaise na suntasachta a thugtar do na beartais sin sna Treoirlínte

[38] Áirítear an méid seo a leanas leis sin, mar shampla: Stakeholder_contribution_on_rule_of_law_-_oecd.pdf (europa.eu); https://eige.europa.eu/gender-statistics/dgs/indicator/wmidm_jud_natcrt__wmid_natcrt_supcrt/datatable; http://www.coe.int/t/dghl/cooperation/cepej/evaluation/default_en.asp.

Polaitiúla don Choimisiún Eorpach 2024-2029[39] agus i bhfianaise bhreisluach idirghabhálacha an Aontais, a bhfuil na meastóireachtaí meántéarma faoi seach mar bhonn taca leo.

– **An clár um Cheartas a chumasc le cláir eile sa bhraisle seo**: cuireadh an rogha seo as an áireamh ag céim luath ar chúiseanna dlíthiúla. Ní féidir an clár um Cheartas a chumasc le cláir eile sa chnuasach seo, toisc nach bhfuil gach ceann de 27 mBallstát an Aontais rannpháirteach sa chlár um Cheartas (murab ionann agus na cláir eile atá ann cheana sa chnuasach). Is iad Airteagal 81(1) agus (2) agus Airteagal 82 (1) CFAE bunúis dlí an Rialacháin lena mbunaítear an clár um Cheartas 2021-2027. Is cuid de Theideal V CFAE iad na forálacha sin, lena gcumhdaítear an limistéar saoirse, slándála agus ceartais. De bhua na bPrótacal atá i gceangal leis na Conarthaí, ní ghlacann an Danmhairg páirt i gcinntí a dhéantar faoi Theideal V i gcomhréir le Prótacal Uimh. 22 (ar a dtugtar 'rogha an diúltaithe') agus is féidir le hÉirinn a roghnú páirt a ghlacadh i mbearta áirithe má chinneann sí 'rogha a bheith páirteach', i gcomhréir le Prótacal Uimh. 21. Tá na cláir eile faoi raon feidhme an mheasúnaithe tionchair oscailte do gach Ballstát agus, dá bhrí sin, níl siad ag luí le bunúis dlí Theideal V.

**Na roghanna a coinníodh**: Chinn an Coimisiún clár neamhspleách um Cheartas a bheith aige, toisc gur dheimhnigh an mheastóireacht deiridh ar an gclár um Cheartas 2014-2020 agus an mheastóireacht eatramhach ar an gclár um Cheartas 2021-2027 gur sholáthair an Clár breisluach uathúil a bheadh deacair a mhacasamhlú ar an leibhéal náisiúnta. Léirítear an cinneadh sin sa phacáiste togra don CAI iar-2027 a chuir an Coimisiún i láthair an 16 Iúil 2025.

I gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, cuireadh an tuarascáil seo ar an measúnú tionchair faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála chun grinnscrúdú cáilíochta a dhéanamh uirthi. Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim uaidh maidir leis an measúnú tionchair an 13 Meitheamh 2025. Rinne an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála sraith barúlacha agus moltaí maidir leis an méid seo a leanas: raon feidhme, sainiú na faidhbe agus úsáid meastóireachtaí, loighic agus cuspóirí idirghabhála, comparáid idir roghanna agus anailís costais is tairbhe, rialachas, comhleanúnachas agus faireachán agus meastóireacht amach anseo. Rinneadh athbhreithniú ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra dlí seo i gcomhréir le barúlacha agus moltaí an Bhoird.

- **Simpliú**

Beidh an tionscnamh i gcomhréir leis an Teachtaireacht ar an mbóthar chuig CAI 2028-2034[40] agus leis an aidhm atá aige bainistiú, rialachas agus cur chun feidhme chláir an Aontais a chuíchóiriú chun éifeachtúlacht a fheabhsú d'iarratasóirí, do thairbhithe agus d'institiúidí an Aontais. Déanfar iarrachtaí na ceanglais maidir le cur i bhfeidhm, bainistiú agus tuairisciú a shimpliú agus treoir bhreise a chur ar fáil. Trí acmhainní a chomhthiomsú, lena n-áirítear i réimsí amhail faireachán, cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, beidh barainneachtaí scála ann agus feabhsófar intuarthacht chistiú an Aontais ar bhonn níos forleithne i measc tairbhithe, páirtithe leasmhara agus shaoránaigh an Aontais.

A mhéid a bhaineann le modh bainistíochta an Chláir, níl aon raon feidhme soiléir ann le haghaidh tuilleadh simplithe ós rud é go bhfuil na modhanna bainistíochta a úsáidtear don chlár um Cheartas 2021-2027 iomchuí do chlár den mhéid sin (i.e. bainistíocht dhíreach agus líon teoranta tionscnamh arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach ag na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) de Rialachán (AE) 2024/2509). Le blianta beaga anuas, tá roinnt beart simpliúcháin curtha chun feidhme ag

39 Treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin Eorpaigh 2024-2029.

40 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A52025DC0046.

an gClár chun a phróisis agus a nósanna imeachta riaracháin a chuíchóiriú, chun a éifeachtúlacht a fheabhsú. Is beag fianaise atá ann a thugann le fios go bhfuil gá fós le hathruithe móra, go háirithe i bhfianaise na mbeart simpliúcháin a cuireadh chun feidhme go dtí seo. Mar shampla, chun cur chun feidhme a shimpliú agus chun an t-ualach riaracháin ar thairbhithe a laghdú, úsáid foirmeacha simplithe cistiúcháin a bheadh san fhoirm chaighdeánach ranníocaíochta chun deontais a aisíoc.

Measann tairbhithe go bhfuil na hionstraimí a úsáidtear le haghaidh an chláir um Cheartas 2021-2027 (deontais agus gníomhaíochtaí soláthair) oiriúnach do riachtanais an Chláir.

An tráth céanna, léiríonn roinnt torthaí go bhfuil béim á leagan ag an éileamh méadaitheach ar dhigitiú an cheartais ar bhearnaí suntasacha infheistíochta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige dhá leibhéal (i.e. ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát) chun digitiú iomlán na gcóras ceartais náisiúnta a chumasú agus chun limistéar ceartais éifeachtach idirnasctha de chuid an Aontais a thógáil.

Leis sin, ní hamháin go gcruthófaí níos mó nasc leis na réimsí beartais uile a chumhdaítear faoin gclár um Cheartas ach dhéanfaí foráil freisin maidir le comhleanúnachas láidir le gníomhaíochtaí a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta chun córais cheartais náisiúnta a dhigitiú faoi na pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha.

- **Cearta bunúsacha**

Tá dlúthbhaint ag cuspóirí an Chláir le cur chun cinn na gceart bunúsach agus tá siad i gcomhréir leis an gCairt.

I gcur chun feidhme a ghníomhaíochtaí uile, féachann an Clár freisin le luachanna an Aontais a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, is iad sin comhionannas inscne, cearta an linbh, *inter alia* trí cheartas lena dtacaítear le leanaí, cosaint ceart íospartach agus cur i bhfeidhm éifeachtach phrionsabal na gceart comhionann agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn, bunaithe ar aon cheann de na forais a liostaítear in Airteagal 21 den Chairt, agus laistigh de na teorainneacha a shocraítear in Airteagal 51 den Chairt.

Ina theannta sin, ní mór do thionscadail arna gcistiú faoin gClár na caighdeáin eiticiúla is airde, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016/679[41] agus comhaontuithe dlí idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas nó Ballstáit uile an Aontais ina bpáirtithe iontu (lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar chearta daoine faoi mhíchumas[42]) a chomhlíonadh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é EUR 798 milliún (i bpraghsanna reatha) a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an chláir um Cheartas don tréimhse an 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034.

---

41 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), *IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1-88, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj*.

42 IO L 23, 27.1.2010, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2010/48(1)/oj. Ó tháinig an tAontas chun bheith ina Pháirtí i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, tá a fhorálacha ina gcuid dhílis de dhlíchóras an Aontais agus tá siad ina gceangal ar institiúidí an Aontais agus ar a Bhallstáit, lena n-áirítear Airteagal 13 de maidir le rochtain ar an gceartas. Ceanglaítear leis an Airteagal sin go n-áiritheoidh na Stáit is Páirtithe go mbeidh rochtain éifeachtach ar an gceartas ag daoine faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le daoine eile (lena n-áirítear trí chóiríocht atá oiriúnach ó thaobh nósanna imeachta de agus atá oiriúnach ó thaobh aoise de a sholáthar) i ngach imeacht dlíthiúil, lena n-áirítear ag céimeanna imscrúdaithe agus ag réamhchéimeanna eile. Léirítear ann freisin go gcuirfidh na Stáit is Páirtithe oiliúint iomchuí chun cinn dóibh siúd atá ag obair i réimse riar an cheartais, lena n-áirítear póilíní agus foireann príosúin.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán ar an tionscnamh seo tríd an gcreat feidhmíochta le haghaidh bhuiséad 2028-2034 a shainítear i Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Feidhmíochta][43]. Leagtar amach sa chreat feidhmíochta freisin na rialacha maidir le meastóireachtaí, a dhéanfar i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr agus a bheidh bunaithe ar tháscairí atá ábhartha do chuspóirí an Chláir.

Déanfaidh an Coimisiún an Clár a chur chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach. D'fhéadfadh eagraíochtaí idirnáisiúnta líon teoranta tionscnamh a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach freisin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é cuspóir ginearálta an chláir um Cheartas 2028-2034 atá beartaithe (Airteagal 3 den Rialachán) rannchuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar limistéar ceartais de chuid an Aontais atá éifeachtúil, cuimsitheach, athléimneach agus digitithe, bunaithe ar an smacht reachta, ar aitheantas frithpháirteach agus ar mhuinín fhrithpháirteach. Tríd an gcuspóir sin a bhaint amach, neartóidh an Clár an daonlathas agus cosaint na gceart bunúsach agus rannchuideoidh sé leis an bhfás agus leis an iomaíochas. Bainfear an cuspóir ginearálta amach trí mheán trí chuspóir shonracha:

(a) An comhar breithiúnach a éascú agus tacú leis in ábhair shibhialta agus choiriúla, agus an smacht reachta a chur chun cinn;

(b) Oiliúint bhreithiúnach a chur chun cinn agus tacú léi;

(c) Rochtain éifeachtach agus neamh-idirdhealaitheach ar an gceartas do chách agus leigheas éifeachtach a éascú agus tacú léi, lena n-áirítear trí mhodhanna digiteacha.

Déanfar foráil sa Chlár maidir le sineirge idir a chuid cuspóirí sonracha éagsúla, chun tacú leis na réimsí beartais faoina bhfuil siad cumhdaithe ar bhealach níos éifeachtaí agus méadú a dhéanamh ar acmhainn na gcuspóirí sin chun na spriocghrúpaí a shroicheadh. Ionas go mbeidh sé éifeachtach, ba cheart go gcuirfí san áireamh leis an gClár cineál sonrach na mbeartas éagsúil, a spriocghrúpaí éagsúla agus a riachtanais faoi leith trí chuir chuige shaincheaptha.

Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, leagfaidh an Coimisiún amach na tosaíochtaí cistiúcháin ar bhonn bliantúil sna réimsí beartais faoi seach gach bliain. Le struchtúr an Rialacháin, ceadaítear solúbthacht agus coigeartuithe tapa bunaithe ar riachtanais bheartais agus ar fhorbairtí nua beartais agus teicneolaíochta.

---

43 Togra le haghaidh Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid agus rialacha cothrománacha eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais , COM(2025)545 final.

2025/0255 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear an clár um Cheartas don tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/693

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(1) agus (2) agus Airteagal 82(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) go bhfuil an tAontas le limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chur ar fáil dá shaoránaigh agus sonraítear tuilleadh in Airteagal 67 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go bhfuil an tAontas le bheith ina limistéar saoirse, slándála agus ceartais ina n-urramófar cearta bunúsacha agus córais agus traidisiúin éagsúla dlí na mBallstát. Tá dlúthnasc idir an ceartas agus na bunluachanna ar a bhfuil an tAontas bunaithe, go háirithe an smacht reachta, an daonlathas agus urraim do chearta bunúsacha mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE. Tugann na bunluachanna sin le tuiscint go bhfuil gá le breithiúna neamhspleácha a fheidhmíonn laistigh de chórais cheartais éifeachtúla. Eascraíonn neamhspleáchas na mbreithiúna as na traidisiúin chomhchoiteanna bhunreachtúla atá i gcoiteann ag na Ballstáit uile, as an smacht reachta, agus as prionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 19(1) CAE agus in Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’).

(2) Tá sé dúshlánach limistéir saoirse, slándála agus ceartais a chur i gcrích, mar gheall ar thosca amhail bagairtí ar an smacht reachta, cineálacha éagsúla coireachta tromchúisí agus bacainní ar rochtain ar an gceartas agus ar an gcomhar breithiúnach. Dá bhrí sin, tá sé níos tábhachtaí ná riamh an ceartas a chur chun cinn, a neartú agus a chosaint, rud a bhfuil impleachtaí díreacha aige don saol polaitiúil, eacnamaíoch, airgeadais agus sóisialta san Aontas agus níos faide i gcéin agus is gá ullmhú d’Aontas níos mó. Bunaithe ar an gclár um Cheartas 2021-2027 a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/693 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], is é is aidhm don Rialachán seo an clár

[1] IO C, […], […], ELI:. […].

[2] IO C, […], […], ELI: […].

[3] Rialachán (AE) 2021/693 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Cheartas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1382/2013 (IO L 156, 5.5.2021, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/693/oj).

um Cheartas (an ‘Clár’) a bhunú chun tacú le forbairt bhreise a dhéanamh ar limistéar ceartais de chuid an Aontais bunaithe ar an smacht reachta, ar chearta bunúsacha, ar an daonlathas, ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna, ar aitheantas frithpháirteach agus muinín fhrithpháirteach, ar rochtain ar cheartas agus ar chomhar breithiúnach trasteorann in ábhair shibhialta agus choiriúla. Ba cheart don Chlár béim níos mó a chur ar dhigitiú an cheartais ar fud a chuspóirí sonracha uile.

(3) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais táscach le haghaidh an chláir um Cheartas. Chun críche an Rialacháin seo, déantar praghsanna reatha a ríomh trí dhíbhoilsceoir seasta 2 % a chur i bhfeidhm.

(4) I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, rud a chruthaíonn éiginnteacht agus dúshláin, is léir ón taithí a fuarthas le déanaí go bhfuil gá le creat airgeadais ilbhliantúil agus cláir chaiteachais de chuid an Aontais atá níos solúbtha. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí an chláir um Cheartas, ba cheart aird chuí a thabhairt sa chistiú ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear iad i ndoiciméid ábhartha arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún, i gconclúidí ón gComhairle agus i rúin ó Pharlaimint na hEorpa agus intuarthacht leordhóthanach á háirithiú an tráth céanna le haghaidh chur chun feidhme an bhuiséid.

(5) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] maidir leis an gClár. Leagtar síos leis an Rialachán na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, tabhartais neamhairgeadais, soláthar, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha.

(6) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[6], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[7] agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[8], tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d’fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a

[4] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/OJ).

[5] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj).

[6] Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/2988/oj).

[7] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292.15.11.96, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj).

[8] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (“OIPE”) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/OJ).

dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú agus a ionchúiseamh, rud a ndéantar foráil maidir leis i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9]. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mór d'aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus a áirithiú go ndéanfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha a dheonú.

(7) Tá an Clár le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Feidhmíochta][10] lena leagtar síos na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear rialacha chun a áirithiú gur go haonfhoirmeach a dhéanfar an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus prionsabal an chomhionannais inscne a chur i bhfeidhm, prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach, rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht clár agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais agus le tuairisciú ina taobh, rialacha maidir le tairseach chistiúcháin de chuid an Aontais a bhunú, rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, agus forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais, amhail forálacha maidir le faisnéis, le cumarsáid agus le hinfheictheacht.

(8) Ba cheart do bhearta faoin gClár tacú le haitheantas agus forfheidhmiú frithpháirteach feabhsaithe maidir le breithiúnais agus cinntí breithiúnacha in ábhair shibhialta agus choiriúla, le muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit agus leis an gcomhfhogasú reachtaíochta is gá chun comhar idir na húdaráis ábhartha go léir, lena n-áirítear trí mhodhanna digiteacha, a éascú. Ba cheart don Chlár tacú freisin le huirlisí nó ardán TF atá ann cheana agus uirlisí nó ardáin nua TF le haghaidh ionstraimí nua comhair bhreithiúnaigh a chothabháil agus a bhunú. Agus gnóthachain éifeachtúlachta dhigitiú an cheartais á saothrú, ba cheart cosaint na gceart bunúsach, i gcomhréir leis an gCairt, chomh maith le coimircí i gcoinne neamhionannais, idirdhealaithe agus eisiaimh a áirithiú.

(9) Ba cheart don Chlár, ina ghníomhaíochtaí uile, an smacht reachta a chur chun cinn freisin trí thacú le hiarrachtaí chun neamhspleáchas, cáilíocht agus éifeachtúlacht na gcóras ceartais náisiúnta a fheabhsú chun muinín fhrithpháirteach a fheabhsú, rud atá fíor-riachtanach le haghaidh comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla.

(10) In ábhair shibhialta, ba cheart don Chlár tacú le cearta aonair a chosaint i gcásanna sibhialta agus tráchtála, lena n-áirítear frith-SLAPP cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí), agus cóineasú níos fearr sa dlí sibhialta a chur chun cinn. Cuideoidh sé sin le deireadh a chur le bacainní ar nósanna imeachta breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha atá sásúil agus ag feidhmiú go héifeachtúil ar mhaithe leis na páirtithe uile i ndíospóid. Chun tacú le forfheidhmiú éifeachtach agus cur i bhfeidhm praiticiúil dhlí an Aontais sa réimse seo, ba cheart don Chlár tacú

[9] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1371/oj).

[10] Togra le haghaidh Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid agus rialacha cothrománacha eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, (IO L …, …., ELI: …).

freisin le feidhmiú an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh in ábhair shibhialta agus thráchtála a bunaíodh le Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle[11].

(11) In ábhair choiriúla, ba cheart don Chlár cuidiú le rialacha agus nósanna imeachta a chur chun feidhme chun a áirithiú go n-aithnítear breithiúnais agus cinntí ar fud an Aontais agus chun tacú le cosaint leasanna airgeadais an Aontais. Ba cheart dó rannchuidiú le deireadh a chur le bacainní ar mhuinín agus comhar frithpháirteach éifeachtach, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt do bhearta lena n-áirithítear trasuí ceart ghníomhartha dlí an Aontais lena ndéantar comhfhogasú ar dhlíthe coiriúla náisiúnta. Ba cheart don Chlár tacú freisin le gníomhaíochtaí atá dírithe ar chomhar a éascú i ndáil le cineálacha coireachta tromchúisí amhail éilliú, sceimhlitheoireacht agus coireacht chomhshaoil. Go háirithe, ba cheart don Chlár feabhas a chur ar an gcomhordú agus ar an gcomhar idir údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis bhreithiúnacha agus údaráis inniúla eile. Thairis sin, ba cheart dó tacú leis an gcomhar le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus le múscailt feasachta ina leith, amhail Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus OIPE, agus ar an gcaoi sin córas comhair bhreithiúnaigh níos comhtháite san Aontas a chumasú.

(12) Ba cheart don Chlár rannchuidiú le rochtain neamh-idirdhealaitheach ar cheartas a fheabhsú do chách agus ba cheart dó tacú le gníomhaíochtaí chun cearta íospartaigh na coireachta a chosaint, mar aon le cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe in imeachtaí coiriúla chomh maith le daoine iarrtha in imeachtaí an Bharántais Gabhála Eorpaigh (BGE). Ba cheart go n-áireofaí le rochtain ar an gceartas, go háirithe, rochtain ar chúirteanna, modhanna malartacha chun díospóidí a réiteach, agus comhairle dlí arna cur ar fáil ag sealbhóirí oifige poiblí ar bhealach neamhspleách agus neamhchlaonta. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chur chun feidhme feabhsaithe ghníomhartha dlí éagsúla an Aontais chun íospartaigh na coireachta a chosaint, agus ar ghníomhaíochtaí atá dírithe ar mhalartú dea-chleachtas idir údaráis inniúla, lena n-áirítear údaráis bhreithiúnacha, údaráis forfheidhmithe dlí, cleachtóirí dlí agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar thacú le feabhas a chur ar eolas agus ar úsáid ionstraimí comhshásaimh. Thairis sin, ba cheart tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena n-éascaítear rochtain éifeachtach agus chomhionann ar an gceartas do dhaoine a ndéantar idirdhealú orthu nó atá i staid leochaileachta (amhail daoine faoi mhíchumas i gcomhréir le hAirteagal 13 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas[12], leanaí, mionlaigh, daoine LGBTIQ+ agus íospartaigh foréigin inscnebhunaithe, foréigin teaghlaigh agus cineálacha eile foréigin idirphearsanta). Ba cheart don Chlár tacú freisin le gníomhaíochtaí eagraíochtaí na sochaí sibhialta a rannchuidíonn leis na cuspóirí sin.

(13) Ba cheart don Chlár tacú le hoiliúint na breithiúnachta agus na bhfoirne breithiúnaí. Ba cheart do ghníomhaíochtaí oiliúna rannchuidiú le cur chun feidhme thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, lena n-áirítear, mar shampla, oiliúint sa dlí sibhialta agus coiriúil, maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach na Cairte, maidir le haitheantas frithpháirteach agus maidir le coimircí nós imeachta (lena n-áirítear coimircí i gcoinne cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí (frith-SLAPP)). Le gníomhaíochtaí oiliúna faoin gClár, ba cheart béim láidir a leagan ar dhigitiú an cheartais, agus timpeallacht thacúil a chur ar fáil do na breithiúna agus d'fhoirne

11 Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 lena mbunaítear Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO L 174, 27.6.2001, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2001/470/oj).

12 IO L 23, 27.1.2010, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2010/48(1)/oj.

breithiúnacha, lena n-áirítear trí scileanna digiteacha, eolas agus feasacht a mhéadú. Ba cheart don oiliúint tacú freisin le digitiú imeachtaí breithiúnacha trasteorann. Ba cheart tacaíocht a chur ar fáil d'oiliúint i sineirgíocht le bearta ar an leibhéal náisiúnta, agus ar an gcaoi sin beifear in ann tionchar an Chláir a ghiaráil.

(14) Ba cheart don Chlár tacú le clár oibre bliantúil an Ghréasáin Eorpaigh um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB), ar gníomhaí riachtanach é maidir le hoiliúint bhreithiúnach agus a bhfuil ról tábhachtach aige maidir le tacú le cuspóirí bheartas oiliúna breithiúnaí na hEorpa agus maidir lena gcur chun feidhme. Is é GEOB an t-aon líonra ar leibhéal an Aontais lena dtugtar le chéile comhlachtaí oiliúna breithiúnaí na mBallstát. Dá bhrí sin, tá sé in ann malartuithe agus oiliúint a eagrú do na breithiúna idir na Ballstáit agus obair na gcomhlachtaí náisiúnta oiliúna breithiúnaí a chomhordú, agus ar an gcaoi sin sineirge a chothú idir oiliúint agus cumarsáid struchtúrtha a fhaigheann tacaíocht ón Aontas agus a chistítear go náisiúnta agus cumarsáid struchtúrtha idir an tAontas agus soláthraithe oiliúna náisiúnta. Thairis sin, féadfar comhlachtaí oiliúna breithiúnaí na dtíortha is iarrthóirí agus na n-iarrthóirí ionchasacha a áireamh in GEOB freisin mar chomhaltaí breathnóra.

(15) Is príomhchuspóir de chuid an Aontais é cearta an linbh a chosaint, mar a chumhdaítear in Airteagal 3(3) CAE agus in Airteagal 24 den Chairt. I ngach gníomhaíocht a bhaineann le leanaí, ní mór tús áite a thabhairt do leas an linbh. Tá an méid sin ríthábhachtach freisin do dhlisteanacht agus d'éifeachtacht na gcóras ceartais. Is minic a bhíonn bacainní suntasacha roimh leanaí atá páirteach in imeachtaí dlíthiúla, bíodh siad mar fhinnéithe, mar íospartaigh, mar dhaoine atá faoi dhrochamhras, mar dhaoine cúisithe nó ciontaithe, nó mar pháirtithe eile, rud a bhaineann an bonn dá gcumas páirt a ghlacadh go héifeachtach agus tairbhe a bhaint as coimircí iomchuí. Dá bhrí sin, tá gá le hacmhainneacht na gcóras ceartais náisiúnta agus na gcleachtóirí a neartú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha leanaí chun feidhmiú éifeachtach a gcearta a áirithiú.

(16) Ba cheart don Chlár cur le digitiú an cheartais, lena n-áirítear trí uirlisí a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chothabháil ar leibhéal an Aontais. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfadh sé uirlisí a ghiaráil lena n-éascaítear cumarsáid dhigiteach idir cúirteanna agus páirtithe amhail an Pointe Rochtana Leictreonach Eorpach, lena dtugtar rochtain níos éasca ar shonraí breithiúnacha amhail an tAitheantóir Cásdlí Eorpach, nó lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht agus slándáil nósanna imeachta breithiúnacha digitithe amhail seirbhísí iontaoibhe faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Tiachóga Eorpacha Céannachta Digití. Tá gá le limistéar ceartais de chuid an Aontais a fheidhmíonn go maith ina bhfuil córais cheartais náisiúnta atá éifeachtach agus athléimneach chun go mbeidh margadh inmheánach faoi bhláth ann agus is réamhchoinníoll é sin freisin don fhás eacnamaíoch, do mhargaí fónta airgeadais agus don iomaíochas. Leis an digitiú, feabhsaítear éifeachtúlacht nósanna imeachta breithiúnacha trasteorann in ábhair shibhialta agus choiriúla chomh maith le rochtain ar cheartas laistigh den Aontas, rud a spreagann infheistíochtaí. Le digitiú an cheartais, cumasaítear agus éascaítear an comhar éifeachtach le húdaráis inniúla eile maidir le príomhchodanna de leabhar rialacha digiteacha an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, mar shampla. Cuidíonn digitiú na gcóras ceartais freisin le costais a laghdú do bhuiséid phoiblí agus d'úsáideoirí deiridh araon, agus an tráth céanna seirbhísí éifeachtacha a choinneáil ar bun do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Cuireann sé ar chumas gairmithe ceartais díriú ar phríomhchúraimí, rud a fheabhsaíonn cáilíocht agus éifeachtúlacht na n-imeachtaí. Le huirlisí digiteacha, leathnaítear rochtain ar an gceartas freisin, trí

chianchumarsáid agus rochtain éasca ar chomhaid bhreithiúnacha a chur ar fáil, rud a fheabhsaíonn trédhearcacht. Thairis sin, neartaíonn an digitiú athléimneacht na gcóras ceartais náisiúnta le linn géarchéime (amhail paindéimí), lena n-áirithítear go bhféadfaidh siad leanúint de bheith ag oibriú go héifeachtach ar mhaithe le saoránaigh agus gnólachtaí. Neartaíonn sé sin muinín as cumas an chórais ceartais feidhmiú go hiontaofa i gcúinsí gan choinne.

(17) Ní mór don Aontas a leas slándála a chosaint ar sholáthróirí a d’fhéadfadh a bheith ina riosca leanúnach slándála mar gheall ar an gcur isteach a d’fhéadfadh a bheith ann ó thríú tíortha chomh maith lena slándáil, go háirithe an chibearshlándáil. Is gá, dá bhrí sin, laghdú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le spleáchas leanúnach ar sholáthróirí ardriosca sa mhargadh inmheánach, lena n-áirítear sa slabhra soláthair TFC, toisc go bhféadfadh tionchair dhiúltacha thromchúiseacha a bheith acu ar an tslándáil d’úsáideoirí agus do chuideachtaí ar fud an Aontais agus ar bhonneagar criticiúil an Aontais i dtéarmaí sláine sonraí agus seirbhísí chomh maith le hinfhaighteacht seirbhíse. Ba cheart an srian sin a bheith bunaithe ar mheasúnú riosca comhréireach agus ar bhearta maolaithe gaolmhara mar a shainmhínítear i mbeartais agus i ndlíthe an Aontais.

(18) Ba cheart don Choimisiún comhsheasmhacht, comhlántacht agus sineirge foriomlán le hobair chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais a áirithiú, go háirithe Eurojust, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) agus OIPE, agus ba cheart dó obair gníomhaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta eile sna réimsí a chumhdaítear leis an gClár a chur san áireamh.

(19) Chun leithdháileadh éifeachtach cistí ó bhuiséad ginearálta an Aontais a áirithiú, is gá go n-áiritheofar breisluach Eorpach na ngníomhartha uile a dhéantar faoin gClár, a gcomhlántacht le gníomhaíochtaí na mBallstát, agus go bhfuil siad comhsheasmhach le gníomhaíochtaí eile ón Aontas. Ba cheart comhsheasmhacht, comhlántacht agus sineirge a lorg go háirithe le cláir chistiúcháin a thacaíonn le réimsí beartais a bhfuil nasc dlúth eatarthu, amhail na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha (arna mbunú le Rialachán XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Rialachán NRP][13]), clár AgoraEU (arna bhunú le Rialachán XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [AgoraAE][14]), agus gníomhaíochtaí seachtracha a dtacaíonn an Eoraip Dhomhanda leo (arna bhunú le Rialachán XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15]).

(20) Tagann an Clár in ionad an chláir a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/693 ón gComhairle le haghaidh na tréimhse idir 2021-2027, Rialachán ba cheart a aisghairm dá bhrí sin.

(21) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i

---

[13] Togra le haghaidh Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht agus tuaithe, iascach agus muirí, rathúnas agus slándáil don tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, COM(2025) 565 final.

[14] Togra le haghaidh Rialachán (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár ‘AgoraEU’ le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818, COM(2025) 550 final.

[15] Togra le haghaidh Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Eoraip Dhomhanda, COM/2025/551 final.

nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(22) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag Éirinn [,*le litir an …*,] gur mian léi bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

nó

I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Ábhar***

Bunaítear leis an Rialachán seo an clár um Cheartais ('an Clár') agus leagtar síos leis cuspóirí an Chláir, a bhuiséad le haghaidh na tréimhse 2028-2034, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha chun an cistiú sin a sholáthar.

*Airteagal 2*

***Sainmhíniú***

Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn an téarma 'an bhreithiúnacht agus an fhoireann bhreithiúnach' breithiúna, ionchúisitheoirí, foireann de chuid na cúirte agus de chuid foireann oifige an ionchúisitheora, chomh maith le gairmithe ceartais eile a bhfuil baint acu leis an mbreithiúnacht nó atá ag glacadh páirt i riaradh an cheartais, beag beann ar an sainmhíniú sa dlí náisiúnta, an stádas dlíthiúil nó an eagraíocht inmheánach, amhail dlíodóirí, nótairí, báillí, oifigigh forfheidhmithe, cleachtóirí dócmhainneachta, idirghabhálaithe, ateangairí agus aistritheoirí cúirte, saineolaithe cúirte, foireann príosúin agus oifigigh phromhaidh.

*Airteagal 3*

***Cuspóirí an Chláir***

1. Is é cuspóir ginearálta an Chláir rannchuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar limistéar ceartais de chuid an Aontais atá éifeachtúil, cuimsitheach, athléimneach agus digitithe, bunaithe ar an smacht reachta, ar aitheantas frithpháirteach agus ar mhuinín fhrithpháirteach, agus ar an gcaoi sin an daonlathas agus cosaint na gceart bunúsach a neartú freisin, agus rannchuidiú le fás agus iomaíochas an Aontais, chomh maith le digitiú an cheartais ar leibhéal an Aontais.

2. Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gClár:

(a) comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla a éascú agus tacú leis, agus an smacht reachta a chur chun cinn, go háirithe neamhspleáchas, cáilíocht agus éifeachtúlacht na gcóras ceartais, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar aithint agus forfheidhmiú éifeachtach trasteorann cinntí breithiúnacha;

(b) oiliúint na mbreithiúna agus na bhfoirne breithiúnaí a chur chun cinn agus tacú léi, d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh: an smacht reachta, cearta bunúsacha agus an daonlathas a chur chun cinn; cultúr coiteann dlíthiúil agus breithiúnach a chothú; cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach ionstraimí dlí ábhartha an

Aontais a áirithiú; agus timpeallacht thacúil a chur ar fáil chun an comhar breithiúnach agus na córais cheartais a dhigitiú.

(c) rochtain éifeachtach agus neamh-idirdhealaitheach ar an gceartas do chách agus leigheas éifeachtach a éascú agus tacú léi, lena n-áirítear trí mhodhanna digiteacha, trí nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla éifeachtúla a chur chun cinn agus trí thacú le cearta íospartaigh uile na coireachta agus le cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla agus le cearta nós imeachta daoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach.

*Airteagal 4*

***Buiséad***

*1.* Socraítear uasmhéid an imchlúdaigh airgeadais tháscaigh le haghaidh chur chun feidhme an Chláir le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034 ag EUR 798 000 000 i bpraghsanna reatha.

2. Féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais ar an taobh thall de 2034 chun an speansas is gá a chumhdach agus chun go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoi dheireadh an Chláir a bhainistiú.

3. An t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus méideanna na n-acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 5, féadfar iad a úsáid freisin le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialúcháin, iniúchóireachta agus meastóireachta, córais agus ardáin teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, chomh maith le gach cúnamh teicniúil agus riaracháin eile nó gach costas eile a bhaineann leis an bhfoireann arna thabhú ag an gCoimisiún chun an Clár a bhainistiú.

*Airteagal 5*

***Acmhainní breise***

1. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó tríú páirtithe eile, ranníocaíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais breise a dhéanamh leis an gClár. Ioncam sannta seachtrach a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais breise de réir bhrí Airteagal 21(2), pointí (a), (d), nó (e), nó Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

2. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a chur ar fáil le haghaidh an Chláir, má iarrann na Ballstáit sin. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun feidhme go díreach nó go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (a) nó (c) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Beidh siad de bhreis ar an méid dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán seo. Úsáidfear na hacmhainní sin chun tairbhe an Bhallstáit lena mbaineann. I gcás nach mbeidh gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach le haghaidh méideanna breise a chuirfear ar fáil ar an gcaoi sin i gcomhair an Chláir, féadfar, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig clár foinseach ábhartha amháin nó níos mó nó chuig a gcomharbaí.

*Airteagal 6*

***Cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach***

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i sineirge le cláir eile de chuid an Aontais. Féadfaidh gníomhaíocht a mbeidh ranníocaíocht ón Aontas faighte aici ó chlár eile ranníocaíocht a fháil faoin gClár freisin. Beidh feidhm ag rialacha an chláir ábhartha de chuid an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, sin nó féadfar sraith aonair rialacha a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile agus féadfar gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Más ar chostas incháilithe a bheidh na ranníocaíochtaí ón Aontas bunaithe, ní rachaidh an tacaíocht charnach as buiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

2. Nósanna imeachta dámhachtana a bheidh ann faoin gClár, féadfar iad a stiúradh go comhpháirteach faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, i gcomhar leis na Ballstáit, le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, le tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó le tríú páirtithe eile (‘comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach’), ar choinníoll go n-áiritheofar cosaint leasanna airgeadais an Aontais. Beidh na nósanna imeachta sin faoi réir sraith aonair rialacha agus tabharfar gealltanais dhlíthiúla aonair i gcrích dá dtoradh. Chun na críche sin, na comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach, féadfaidh siad acmhainní a chur ar fáil don Chlár i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo, nó féadfar a chur de chúram ar na comhpháirtithe an nós imeachta dámhachtana a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Chun críocha Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, i gcás nósanna imeachta dámhachtana comhpháirteacha, féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta go páirteach de chomhaltaí atá ina n-ionadaithe thar ceann chomhpháirtithe an nós imeachta sin.

*Airteagal 7*

***Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár***

1. Féadfar rannpháirtithe sa Chlár a dhéanamh de na tríú tíortha seo a leanas trí chomhlachas iomlán nó páirteach, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 agus i gcomhréir leis na comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha nó le haon chinneadh arna ghlacadh faoi chuimsiú na gcomhaontuithe sin agus is infheidhme maidir le:

   (a) comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, chomh maith le micreastáit Eorpacha;

   (b) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha;

   (c) tíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa;

   (d) tríú tíortha eile.

2. Leis na comhaontuithe comhlachais maidir le rannpháirtíocht sna Chláir:

   (a) áiritheofar cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach sa Chlár;

   (b) leagfar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht sa Chlár, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le clár agus lena chostais riaracháin

ghinearálta, ranníocaíochtaí arb éard atá iontu ranníocaíocht oibríochtúil agus táille rannpháirtíochta;

(c) ní thabharfar aon chumhacht chinnteoireachta sa Chlár don tríú tír;

(d) ráthófar cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint;

(e) i gcás inarb ábhartha, áiritheofar cosaint leasanna slándála agus oird phoiblí an Aontais.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (d), deonóidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá a cheanglaítear faoi Rialacháin (AE, Euratom) 2024/2509 agus (AE, Euratom) 883/2013, agus ráthóidh sí go mbeidh cinntí forfheidhmiúcháin lena bhforchuirfear oibleagáid airgid ar bhonn Airteagal 299 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, chomh maith le breithiúnais agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, infhorfheidhmithe.

*Airteagal 8*

***Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas***

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach trí bhíthin eintitis dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c), den Rialachán sin.

2. Féadfar cistiú ón Aontas a sholáthar in aon fhoirm i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, go háirithe deontais, soláthar, agus tabhartais neamhairgeadais .

3. I gcás ina soláthrófar cistiú ón Aontas i bhfoirm deontais, soláthrófar cistiú mar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais nó, i gcás inar gá, le roghanna costas simplithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Ní fhéadfar cistiú a sholáthar i bhfoirm aisíocaíocht costais incháilithe iarbhír ach amháin i gcás nach féidir cuspóirí gníomhaíochta a bhaint amach ar shlí eile.

4. Chun críocha Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta go páirteach nó go hiomlán de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha.

*Airteagal 9*

***Incháilitheacht***

1. Socrófar critéir incháilitheachta chun tacú leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 den Rialachán seo, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus beidh feidhm acu maidir le gach nós imeachta dámhachtana faoin gClár.

2. I nósanna imeachta dámhachtana faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na heintitis dhlítheanacha seo a leanas a bheith incháilithe chun cistiú a fháil ón Aontas:

(a) eintitis atá bunaithe i mBallstát;

(b) eintitis atá bunaithe i dtríú tír chomhlachaithe;

(c) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(d) eintitis eile atá bunaithe i dtríú tíortha neamhchomhlachaithe i gcás ina mbeidh cistiú na n-eintiteas sin fíor-riachtanach chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme agus ina rannchuideoidh sé leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3.

3. Anuas ar Airteagal 168(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh tríú tíortha comhlachaithe dá dtagraítear in Airteagal 7(1) den Rialachán seo, i gcás inarb ábhartha, páirt a ghlacadh in aon cheann de na sásraí soláthair a leagtar amach in Airteagal 168(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus tairbhiú d'aon cheann díobh. Cuirfear na rialacha is infheidhme maidir leis na Ballstáit i bhfeidhm, *mutatis mutandis*, maidir le tríú tíortha comhlachaithe rannpháirteacha.

4. Nósanna imeachta dámhachtana a dhéanann difear don tslándáil nó don ord poiblí, go háirithe nósanna imeachta dámhachtana a bhaineann le sócmhainní agus leasanna straitéiseacha an Aontais nó a Bhallstát, déanfar iad a shrianadh i gcomhréir le hAirteagal 136 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. I gcomhréir le hAirteagal 136 den Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, beidh feidhm ag srianta incháilitheachta maidir le soláthraithe ardriosca, i gcomhréir le dlí an Aontais, ar chúiseanna slándála.

5. Leis an gclár oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfar na critéir incháilitheachta a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú a thuilleadh sna glaonna ar thograí agus sna glaonna ar thairiscintí nó féadfar critéir incháilitheachta bhreise a leagan síos maidir le gníomhaíochtaí sonracha.

6. Is féidir deontas oibríochtúil a dhámhachtain, gan glao ar thograí, don Ghréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach chun caiteachas a bhaineann lena chlár oibre buan a chumhdach.

*Airteagal 10*

***Clár oibre***

Is le cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a chuirfear an Clár chun feidhme.

*Airteagal 11*

***Aisghairm***

Aisghairtear Rialachán (AE) 2021/693 le héifeacht ón 1 Eanáir 2028.

*Airteagal 12*

***Forálacha idirthréimhseacha***

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúnachas na ngníomhaíochtaí sin, ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí sin, arna dtionscnamh faoi Rialachán (AE) 2021/693, a mbeidh feidhm aige maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.

2. Ina theannta sin, féadfaidh imchlúdach airgeadais an Chláir an speansas teicniúil agus riaracháin a chumhdach is gá chun an t-aistriú idir an Clár agus na bearta a glacadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 2021/693 a áirithiú.

*Airteagal 13*

***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |

**RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**


**1. FRAMEWORK OF THE PROPOSAL/INITIATIVE ..... 3**

1.1. Title of the proposal/initiative ..... 3

1.2. Policy area(s) concerned ..... 3

1.3. Objective(s) ..... 3

1.3.1. General objective(s) ..... 3

1.3.2. Specific objective(s) ..... 3

1.3.3. Expected result(s) and impact ..... 3

1.3.4. Indicators of performance ..... 5

1.4. The proposal/initiative relates to: ..... 5

1.5. Grounds for the proposal/initiative ..... 5

1.5.1. Requirement(s) to be met in the short or long term including a detailed timeline for roll-out of the implementation of the initiative ..... 5

1.5.2. Added value of EU involvement (it may result from different factors, e.g. coordination gains, legal certainty, greater effectiveness or complementarities). For the purposes of this section 'added value of EU involvement' is the value resulting from EU action, that is additional to the value that would have been otherwise created by Member States alone. ..... 6

1.5.3. Lessons learned from similar experiences in the past ..... 7

1.5.4. Compatibility with the multiannual financial framework and possible synergies with other appropriate instruments ..... 7

1.5.5. Assessment of the different available financing options, including scope for redeployment ..... 7

1.6. Duration of the proposal/initiative and of its financial impact ..... 8

1.7. Method(s) of budget implementation planned ..... 8

**2. MANAGEMENT MEASURES ..... 10**

2.1. Monitoring and reporting rules ..... 10

2.2. Management and control system(s) ..... 10

2.2.1. Justification of the budget implementation method(s), the funding implementation mechanism(s), the payment modalities and the control strategy proposed ..... 10

2.2.2. Information concerning the risks identified and the internal control system(s) set up to mitigate them ..... 10

2.2.3. Estimation and justification of the cost-effectiveness of the controls (ratio between the control costs and the value of the related funds managed), and assessment of the expected levels of risk of error (at payment & at closure) ..... 11

2.3. Measures to prevent fraud and irregularities ..... 11

**3. ESTIMATED FINANCIAL IMPACT OF THE PROPOSAL/INITIATIVE ..... 12**

3.1. Heading(s) of the multiannual financial framework and expenditure budget line(s) affected ..... 12
3.2. Estimated financial impact of the proposal on appropriations ..... 13
3.2.1. Summary of estimated impact on operational appropriations ..... 13
3.2.1.1. Appropriations from voted budget EUR million (to three decimal places) ..... 13
3.2.2. Estimated output funded from operational appropriations (not to be completed for decentralised agencies) ..... 15
3.2.3. Summary of estimated impact on administrative appropriations ..... 17
3.2.3.1. Appropriations from voted budget ..... 17
3.2.3.2. Appropriations from external assigned revenues (NA) ..... 17
3.2.4. Estimated requirements of human resources ..... 18
3.2.4.1. Financed from voted budget ..... 18
3.2.4.2. Financed from external assigned revenues (NA) ..... 19
3.2.5. Overview of estimated impact on digital technology-related investments ..... 21
**4. DIGITAL DIMENSIONS ..... 23**
4.1. Requirements of digital relevance ..... 23
4.2. Data ..... 25
4.3. Digital solutions ..... 26
4.4. Interoperability assessment ..... 29
4.5. Measures to support digital implementation ..... 29

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1,1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár um Cheartas lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 2021/693 le haghaidh na tréimhse 2028-2034.

### 1,2. Réimsí beartais lena mbaineann

Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla, oiliúint bhreithiúnach, rochtain ar an gceartas, an smacht reachta, cearta bunúsacha.

### 1,3. Cuspóirí

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Is é cuspóir ginearálta an Chláir rannchuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar limistéar ceartais de chuid an Aontais atá éifeachtúil, cuimsitheach, athléimneach agus digitithe, bunaithe ar an smacht reachta, ar aitheantas frithpháirteach agus ar mhuinín fhrithpháirteach, agus ar an gcaoi sin an daonlathas agus cosaint na gceart bunúsach a neartú freisin, agus rannchuidiú le fás agus iomaíochas an Aontais, chomh maith le digitiú an cheartais ar leibhéal an Aontais.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gClár:

Cuspóir sonrach Uimh. 1:

An comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla a éascú agus tacú leis, agus an smacht reachta a chur chun cinn, go háirithe neamhspleáchas, cáilíocht agus éifeachtúlacht na gcóras ceartais, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar aithint agus forfheidhmiú éifeachtach trasteorann cinntí breithiúnacha.

Cuspóir sonrach Uimh. 2:

Oiliúint na mbreithiúna agus na bhfoirne breithiúnaí a chur chun cinn agus tacú léi, d’fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh: an smacht reachta, cearta bunúsacha agus an daonlathas a chur chun cinn; cultúr coiteann dlíthiúil agus breithiúnach a chothú; cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach ionstraimí dlí ábhartha an Aontais a áirithiú; agus timpeallacht thacúil a chur ar fáil chun an comhar breithiúnach agus na córais cheartais a dhigitiú.

Cuspóir sonrach Uimh. 3:

Rochtain éifeachtach agus neamh-idirdhealaitheach ar an gceartas do chách agus leigheas éifeachtach a éascú agus tacú léi, lena n-áirítear trí mhodhanna digiteacha, trí nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla éifeachtúla a chur chun cinn agus trí thacú le cearta íospartaigh uile na coireachta agus le cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla agus le cearta nós imeachta daoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach.

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe / grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

- Acmhainneacht a mhéadú - lena n-áirítear acmhainneacht dhigiteach - cleachtóirí, le haghaidh cúirteanna agus údarás náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla agus chun ionstraimí AE a chur chun feidhme maidir leis an dlí nós imeachta sibhialta agus sibhialta, agus maidir leis an dlí nós imeachta coiriúil agus coiriúil;

- Comhar trasteorann feabhsaithe agus muinín fhrithpháirteach idir na húdaráis bhreithiúnacha atá freagrach as comhar breithiúnach in ábhair shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus comhar agus comhordú feabhsaithe idir na húdaráis sin agus gníomhaireachtaí agus institiúidí freagracha eile ar fud an Aontais;

- Dlús a chur le himeachtaí i ndáil le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla;

- Staid níos fearr do dhaoine atá faoi réir bearta i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, feabhas a chur ar a n-athshlánú sóisialta agus ar a n-athimeascadh, riosca níos lú go sárófar a gcearta bunúsacha;

- Acmhainneacht agus infheictheacht bhreise do na líonraí ar leibhéal an Aontais atá gníomhach i réimsí na hoiliúna breithiúnaí, na rochtana ar cheartas agus an chomhair bhreithiúnaigh;

- Feabhas a chur ar chur chun cinn an smachta reachta, neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna, lena n-áirítear trí thacú leis na hiarrachtaí chun éifeachtacht na gcóras ceartais náisiúnta a fheabhsú, go háirithe trí fhaisnéis a bhailiú maidir le staid an smachta reachta ar an leibhéal náisiúnta, trí shonraí a bhailiú maidir le neamhspleáchas, cáilíocht agus éifeachtúlacht na gcóras ceartais náisiúnta, trí chaighdeáin agus dea-chleachtais Eorpacha a chur chun cinn agus a chaomhnú sna réimsí sin;

- Comhar agus malartú faisnéise neartaithe idir údaráis náisiúnta inniúla, líonraí Eorpacha, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus/nó eagraíochtaí gairmiúla i ndáil le cearta daoine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe i gcoir agus íospartaigh na coireachta;

- Rioscaí laghdaithe maidir le sáruithe ar chearta trialach córa;

- Comhar a éascú i ndáil le cineálacha coireachta tromchúisí amhail éilliú, sceimhlitheoireacht agus coireacht chomhshaoil;

- Feabhas a chur ar fheasacht agus eolas an phobail, agus feasacht lucht ceaptha beartas ábhartha, maidir le cearta nós imeachta daoine atá faoi amhras agus daoine cúisithe agus cearta íospartach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon;

- Feasacht agus eolas níos fearr maidir le húsáid uirlisí digiteacha agus intleachta saorga in imeachtaí coiriúla (go háirithe úsáid na teicneolaíochta físchomhdhála) agus an tionchar a bhíonn aici (deiseanna agus rioscaí) ar chearta nós imeachta daoine atá faoi amhras agus atá cúisithe agus ar chearta íospartach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon;

- Feasacht agus eolas méadaithe faoi riachtanais shonracha na n-íospartach coireanna is leochailí, lena n-áirítear íospartaigh na sceimhlitheoireachta, agus na ndaoine is leochailí atá faoi dhrochamhras agus atá cúisithe;

- Eolas feabhsaithe faoi leigheasanna dlí atá ar fáil d'íospartaigh i gcás sárú ar a gcearta agus faoi dhúshláin agus tairbhí d'íospartaigh a bhaineann le digitiú an cheartais;

- Seirbhísí tacaíochta níos fearr d'íospartaigh;

- Eolas níos fearr ar dhlí sibhialta an Aontais, ar an dlí tráchtála, ar an dlí coiriúil agus ar ionstraimí a bhaineann le cearta bunúsacha (lena n-áirítear maidir le raon feidhme Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus maidir le leigheasanna agus sásamh atá ann cheana) i measc gairmithe ceartais;

- 'Acmhainneacht dhigiteach' gairmithe ceartais a mhéadú chun uirlisí agus bonneagair dhigiteacha a úsáid go héifeachtach, chun tionchar an digitithe ar imeachtaí cúirte agus ar chearta nós imeachta a láimhseáil agus chun uirlisí comhair trasteorann a chur i bhfeidhm;

- Deimhneacht dhlíthiúil níos fearr do shaoránaigh agus do ghnólachtaí.

*1.3.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Comhfhreagróidh na táscairí aschuir agus toraidh chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar a bhfuil bainte amach ag an gclár seo do na comhtháscairí dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Feidhmíochta][1].

**1,4. Baineann an togra/tionscnamh le:**

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[2]

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

**1,5. Foras an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

De bharr gur príomh-uirlis í an reachtaíocht chun cuspóirí an Aontais i limistéar an cheartais a chur chun feidhme, is gá é a chomhlánú trí mhodhanna eile. Sa chomhthéacs sin, tá ról tábhachtach ag cistiú chun éifeachtacht na reachtaíochta a fheabhsú trí eolas, feasacht agus acmhainneacht gairmithe ceartais agus príomhpháirtithe leasmhara eile a mhéadú, trí thacú, mar shampla, leis an méid seo a leanas:

- faisnéis a scaipeadh agus feasacht a ardú, lena n-áirítear tacaíocht d'fheachtais náisiúnta agus Eorpacha chun daoine a chur ar an eolas faoina gcearta agus faoi phléfhóraim do pháirtithe leasmhara chun feabhas a chur ar a n-eolas ar an gClár agus ar inaistritheacht a thorthaí;

1 Togra le haghaidh Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid agus rialacha cothrománacha eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais , COM(2025)545 final.

2 Dá dtagraítear in Airteagal 58(2), pointe (a) agus (b), de Rialachán (AE) 2024/2509.

- oiliúint, malartuithe agus fothú acmhainneachta do na breithiúna agus don fhoireann bhreithiúnach agus do chleachtóirí eile agus d'údaráis náisiúnta ábhartha, chun na huirlisí a thabhairt dóibh chun cearta agus beartais an Aontais a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Tá ról lárnach ag cistiú freisin maidir le comhar a chur chun cinn ar an leibhéal trasnáisiúnta agus muinín fhrithpháirteach a fhorbairt trí, mar shampla:

- inniúlacht na bpríomhlíonraí ar an leibhéal Eorpach, na gcomhlachas breithiúnach ar an leibhéal Eorpach agus na soláthraithe oiliúna breithiúnaí ar an leibhéal Eorpach a fhorbairt agus a neartú chun cabhrú le tionscnaimh amach anseo a ullmhú sna réimsí a chumhdaítear leis an gClár, chomh maith lena gcur chun feidhme comhsheasmhach a chur chun cinn ar fud na hEorpa;

- comhar trasteorann maidir le forfheidhmiú agus comhordú gníomhaíochtaí náisiúnta eile chun tionchar gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais a uasmhéadú agus a dhoimhniú;

- idir-inoibritheacht trasteorann córas agus feidhmchlár trí theicnící agus teicneolaíochtaí nuálacha a chur in úsáid agus a chothabháil, go háirithe teicnící agus teicneolaíochtaí digiteacha.

Ina theannta sin, ba cheart go dtacódh cistiú freisin leis an méid seo a leanas, mar shampla:

- Taighde, staidéir, suirbhéanna, meastóireachtaí, measúnuithe tionchair, gníomhaíochtaí anailíseacha, faireacháin agus gníomhaíochtaí tacaíochta eile a fhágann gur féidir iad a thabhairt cothrom le dáta i gcónaí maidir le feabhsuithe agus dúshláin nua ar an láthair. Cuirfidh torthaí na ngníomhaíochtaí sin le forbairt agus le cur chun feidhme bheartas an Aontais agus cinnteofar leo go bhfuil siad bunaithe ar fhianaise, dea-spriocdhírithe agus dea-struchtúrtha.

Beidh an Clár ina rannchuidiú le dul i ngleic le dúshláin choiteanna thrasnáisiúnta, agus nádúr agus dúshláin shonracha na réimsí beartais éagsúla, a spriocghrúpaí éagsúla agus a riachtanais ar leith á gcur san áireamh. Trí thacaíocht a thabhairt le chéile sna réimsí sin, is fearr a bheidh an tAontas in ann aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí beartais athfhillteacha agus ar thosaíochtaí beartais nua atá ag teacht chun cinn freisin.

Foilseoidh an Clár thart ar cheithre ghlao ar thograí (lena n-áirítear glaonna deontais oibriúcháin) in aghaidh na bliana agus tacóidh sé le roinnt gníomhaíochtaí bainistíochta indírí le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Is ar bhonn débhliantúil a dhéanfar roinnt glaonna. Ina theannta sin, déanfaidh an Clár roinnt gníomhaíochtaí trí chonarthaí tar éis soláthar poiblí. Féadfar na nithe seo a leanas, mar shampla, a áireamh ar na cineálacha gníomhaíochtaí a chistítear: comhdhálacha, cruinnithe saineolaithe, cruinnithe coistí a thacaíonn le gníomhartha reachtacha an Aontais a chur chun feidhme, seimineáir, gníomhaíochtaí cumarsáide, faisnéise agus infheictheachta; ábhar oiliúna a fhorbairt agus ardáin agus córais TF a fhorbairt agus a chothabháil; suirbhéanna, staidéir agus measúnuithe tionchair.

Cuirfear na gníomhaíochtaí sin go léir chun feidhme ó thús deireadh na tréimhse 2028-2034. Tá sé deacair leathnú amach beacht a shocrú ag an gcéim seo, ós rud é gur ceapadh an Clár chun a bheith solúbtha go leor chun oiriúnú do thosaíochtaí agus do riachtanais nua atá ag teacht chun cinn.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

**Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*)**

D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta, tá dúshláin mhóra i ndáil le ceartas trasteorann fós le sárú ag an Aontas, dúshláin a bhfuil gá le gníomhaíocht chomhordaithe ina leith. Tá an clár um Cheartas fós an-ábhartha agus tá an-tionchar ag baint leis, rud a chuidíonn leis na Ballstáit seasamh le luachanna agus cearta bunúsacha an Aontais. Gan tacaíocht ar leibhéal an Aontais, bheadh freagairtí náisiúnta ilroinnte, neamhéifeachtúil agus míchothrom, go háirithe i réimsí amhail oiliúint bhreithiúnach, rochtain ar an gceartas agus digitiú. Le cistiú ón Aontas, cumasaítear réitigh chomhpháirteacha, comhar dlíthiúil agus idir-inoibritheacht na gcóras ceartais, rud a théann chun tairbhe do na Ballstáit bheaga go háirithe. Cuidíonn sé freisin chun bearnaí náisiúnta a líonadh, líonraí dlí ar fud an Aontais a chothú agus cultúr coiteann dlíthiúil Eorpach a thógáil. Tá an clár um Cheartas ríthábhachtach chun tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair i réimse na rochtana ar an gceartas agus ar thionscadail thrasnáisiúnta nach bhféadfaí a chur i gcrích ar shlí eile. Le gníomhaíocht an Aontais, cinntítear caighdeáin aonfhoirmeacha, cuirtear rochtain chothrom ar an gceartas chun cinn, neartaítear an Margadh Aonair agus cuirtear borradh faoin iomaíochas trí éiginnteacht dhlíthiúil a laghdú. Tá sé ríthábhachtach freisin tacú le próiseas méadaithe an Aontais agus comhleanúnachas a áirithiú idir beartais cheartais inmheánacha agus sheachtracha, agus ar an gcaoi sin ról an Aontais a threisiú ar fud an domhain agus a dhlíchóras a chosaint.

**Breisluach AE a mheastar a ghinfear (*ex post*)**

Mar thoradh ar chomhoibriú agus líonrú idir páirtithe leasmhara beidh scaipeadh na ndea-chleachtas ann, go háirithe cur chuige nuálach agus comhtháite i mBallstáit éagsúla. Gníomhóidh na rannpháirtithe sna gníomhaíochtaí a chistítear leis an gClár ansin mar iolraitheoirí ina ngníomhaíochtaí gairmiúla faoi seach laistigh dá mBallstát. Ceadaíonn idirghabháil an Aontais Eorpaigh go ndéanfar na gníomhaíochtaí sin a shaothrú go comhsheasmhach ar fud an Aontais agus tugann siad barainneacht scála.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Léiríodh sa mheastóireacht mheántéarma ar an gclár um Cheartas 2021-2027 go leanann an Clár de chomhar breithiúnach trasteorann agus muinín fhrithpháirteach a neartú go héifeachtach i measc na mBallstát, mar aon le hoiliúint bhreithiúnach agus rochtain ar an gceartas do ghrúpaí leochaileacha. Tá an digitiú á chur chun cinn níos mó agus níos mó ag an gClár freisin, rud a chuireann feabhas ar an rochtain ar fhaisnéis dhlíthiúil agus a dhéanann nuachóiriú ar uirlisí comhair bhreithiúnaigh. Deimhníodh sa mheastóireacht éifeachtacht fhoriomlán an Chláir agus bailíocht a chuspóirí spriocdhírithe, ach sainaithníodh roinnt gnéithe a d'fhéadfaí feabhas a chur orthu, go háirithe: cuireann an buiséad teoranta srian ar chumas an Chláir freastal ar riachtanais dhigiteacha atá ag dul i méid; tá an fheasacht fós míchothrom, ós rud é nach bhfuil eagraíochtaí na sochaí sibhialta chomh heolach le húdaráis phoiblí, agus

toisc nach bhfuil feasacht ard ann maidir leis an gClár i roinnt tíortha. Ina theannta sin, tá dúshláin fós roimh roinnt tairbhithe maidir leis an nós imeachta iarratais agus na ceanglais tuairiscithe.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tá an tionscnamh mar chuid den togra maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034.

Leis an gClár, féachfar le sineirge, comhsheasmhacht agus comhlántacht a bhaint amach le hionstraimí eile de chuid an Aontais a thacaíonn le réimsí beartais a bhfuil dlúthnasc eatarthu, amhail le clár AgoraEU agus leis na cláir i réimsí an tearmainn, na himirce agus na lánpháirtíochta, an bhainistithe teorainneacha agus na slándála inmheánaí, na dtomhaltóirí, na fostaíochta, an oideachais, an chuimsithe shóisialta, an taighde agus na nuálaíochta. Lorgófar comhar chomh maith le gníomhaíochtaí seachtracha a fhaigheann tacaíocht ón Eoraip Dhomhanda agus leis na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha maidir le hathchóirithe breithiúnacha agus digitiú na gcóras ceartais náisiúnta. Ní dhéanfar gníomhaíochtaí faoi na cláir eile sin a dhúbláil.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

N/B.

1.6. **Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☒ **tréimhse theoranta**

☒ i bhfeidhm ón 1/1/2028 go dtí an 31/12/2034

☒ tionchar airgeadais ó 2028 go 2034 maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó 2028 go 2034 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**[3]

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ a dhéanann na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

☒ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (e.g. UNESCO, ECFE, Comhairle na hEorpa…)

☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2024/2509

☒ comhlachtaí dlí phoiblí (e.g. comhlachtaí a ndearnadh measúnú colúin orthu)

☒ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh (e.g. comhlachtaí a ndearnadh measúnú colúin orthu)

☒ comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais (comhlachtaí a ndearnadh measúnú colúin orthu)

☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

[3] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

| |
|---|
| Cuirfear an Clár chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus faoi bhainistíocht indíreach trí eagraíochtaí idirnáisiúnta (e.g. Comhairle na hEorpa, UNESCO, ECFE...) |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2,1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Déanfar faireachán ar an tionscnamh seo tríd an gcreat feidhmíochta le haghaidh bhuiséad 2028-2034 a shainítear i Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Feidhmíochta]. Leagtar amach sa chreat feidhmíochta freisin na rialacha maidir le meastóireachtaí, a dhéanfar i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr agus a bheidh bunaithe ar tháscairí atá ábhartha do chuspóirí an Chláir.

### 2,2. Córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Is é an Coimisiún a bhainisteoidh an clár um Cheartas go díreach toisc go bhféadfar leis sin an Clár a oiriúnú níos fearr do riachtanais na mbeartas éagsúil, níos mó solúbthachta a bheith ann chun tosaíochtaí a athchoigeartú i gcás riachtanais atá ag teacht chun cinn agus teagmhálacha díreacha a bhunú le tairbhithe/conraitheoirí agus le páirtithe leasmhara a bhíonn ag gabháil go díreach do ghníomhaíochtaí a fhreastalaíonn ar bheartais ábhartha an Aontais. Go dtí seo, tá modh cur chun feidhme Chlár 2021-2027 (bainistíocht dhíreach agus indíreach) éifeachtach agus oiriúnach do riachtanais an Chláir agus a thairbhithe. Beidh úsáid foirmeacha simplithe cistiúcháin fós ina foirm chaighdeánach ranníocaíochta chun deontais a aisíoc.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá na rioscaí céanna ag baint leis an gClár atá ag cláir eile de chuid an Choimisiúin atá dírithe ar thairbhithe atá éagsúil ó thaobh cineáil de. Go sonrach, níl roinnt tairbhithe athfhillteach nó níl struchtúir riaracháin fhairsinge acu. Baineann rioscaí go príomha le (1) cáilíocht tionscadal roghnaithe agus a gcur chun feidhme teicniúil ina dhiaidh sin a áirithiú; (2) an riosca go mbainfear úsáid neamhéifeachtúil nó neamheacnamaíoch as cistí a dámhadh, le haghaidh deontas agus soláthair araon; (3) calaois.

Meastar go laghdófar an chuid is mó de na rioscaí seo a bhuí le: (1) dearadh cúramach glaonna ar thograí; (2) treoraíocht d’iarratasóirí agus tairbhithe; (3) úsáid a bhaint as roghanna costas simplithe de chostais aonaid, rátaí comhréidhe agus cnapshuimeanna, a cuireadh i bhfeidhm go héifeachtach sa CAI 2021-2027 atá ann faoi láthair agus a sholáthraítear sa Rialachán (AE) 2024/2509; (4) nósanna imeachta agus córais chorparáideacha a úsáid chun tograí agus deontais a bhainistiú (e.g. deontais *vademecum,* Ríomhdheontais etc.) chun ailíniú iomlán leis an dea-chleachtas a áirithiú i ngach céim de shaolréanna an deontais agus an tsoláthair; (5) na bearta a leagtar síos sa straitéis frithchalaoise.

Leanfaidh an córas rialaithe atá beartaithe do Chlár 2028-2034 le córas rialaithe 2021-2027. Tá an straitéis rialaithe comhdhéanta de bhloic thógála éagsúla: (1) tograí a chlárú, a mheas agus a roghnú chun a áirithiú nach ndéanfar ach na tograí is fearr a chistiú; (2) comhaontuithe deontais a shíniú agus faireachán a dhéanamh orthu, faoi réir fíorú *ex ante* ar an leibhéal airgeadais agus beartais araon; (3) iniúchtaí *ex post*

bunaithe ar 'straitéis braite' arb é is aidhm di uasmhéid aimhrialtachtaí a shainaithint d'fhonn íocaíochtaí neamhdhlite a ghnóthú.

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

